



Uimhir 2 de 2005

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA
SCEIMHLITHEOIREACHTA), 2005**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

NITHE RÉAMHRÁITEACHA

Alt

1. Gearrtheideal.
2. Tosach feidhme.
3. Léiriú.

CUID 2

GRÚPAÍ SCEIMHLITHEOIREACHTA AGUS CIONTA SCEIMHLITHEOIREACHTA
A DHÍCHUR

4. Mínithe do *Chuid 2*.
5. Grúpaí sceimhlitheoireachta.
6. Cionta sceimhlitheoireachta.
7. Pionóis mar gheall ar chionta sceimhlitheoireachta.

CUID 3

TÓGÁIL GIAL, BUAMÁIL SCEIMHLITHEOIREACHTA AGUS COIREANNA IN
AGHAIDH DAOINE ATÁ FAOI CHOSAINN IDIRNÁISIÚNTA, A DHÍCHUR

8. Mínithe do *Chuid 3*.
9. Cion arb éard é gial a thógáil.
10. Cion arb éard é buamáil sceimhlitheoireachta.
11. Cionta in aghaidh daoine atá faoi chosaint idirnáisiúnta.

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

CUID 4

MAOINIÚ SCEIMHLITHEOIREACHTA A DHÍCHUR

Alt

12. Léiriú ar *Chuid 4*.
13. Cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta.
14. Ordú eatramhach lena gcalctar cistí áirithe.
15. Ordú idirbhreitheach.
16. Ordú diúscartha.
17. Orduithe coimhdeacha agus foráil i ndáil le brabúis nó gnóchain áirithe, etc.
18. Fianaise agus imeachtaí a bhaineann le horduithe eatramhacha agus le horduithe eile.
19. Cúiteamh.
20. Feidhm forálacha áirithe d'Acht 1996.
21. Leasú ar alt 3 d'Acht 1994.
22. Leasú ar Chuid II d'Acht 1994 — ailt nua 8A go 8E.
23. Leasú ar alt 9 d'Acht 1994.
24. Leasú ar alt 10 d'Acht 1994.
25. Leasú ar alt 11 d'Acht 1994.
26. Leasú ar alt 12 d'Acht 1994.
27. Leasú ar alt 13 d'Acht 1994.
28. Leasú ar alt 17 d'Acht 1994.
29. Leasú ar alt 18 d'Acht 1994.
30. Leasú ar alt 23 d'Acht 1994.
31. Leasú ar alt 28 d'Acht 1994.
32. Leasú ar alt 32 d'Acht 1994.
33. Leasú ar alt 46 d'Acht 1994.
34. Leasú ar alt 47 d'Acht 1994.
35. Leasú ar alt 55 d'Acht 1994.
36. Leasú ar alt 57 d'Acht 1994.
37. Leasú ar alt 58 d'Acht 1994.
38. Leasú ar alt 61 d'Acht 1994.
39. Leasú ar alt 63 d'Acht 1994.

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta)*, 2005.

Alt

40. Leasú ar alt 64 d'Acht 1994.
41. Leasú ar alt 65 d'Acht 1994.
42. Cumhacht chun rialacháin a dhéanamh.

CUID 5

NITHE ILGHNÉITHEACHA

43. Imeachtaí a bhaineann le cionta a rinneadh lasmuigh den Stát.
44. Fianaise in imeachtaí faoin Acht.
45. Dliteanas i leith cionta ag comhlachtaí corpraithe.
46. Contúirt dhúbailte.
47. Caiteachais.

CUID 6

LEASÚ AR ACHTANNA EILE

48. Leasú ar Acht 21 d'Acht 1939.
49. Leasú ar Acht 1939 — alt nua 21A.
50. Leasú ar alt 22 d'Acht 1939.
51. Leasú ar Acht 1939 — ailt nua 22A go 22I.
52. Leasú ar alt 38 d'Acht 1939.
53. Leasú ar alt 49 d'Acht 1939.
54. Leasú ar alt 2 d'Acht 1985 agus tosach feidhme an ailt sin.
55. Leasú ar alt 8 d'Acht 1985.
56. Leasú ar an Acht Cosanta, 1954.
57. Leasú ar an Acht um Eiseachadadh, 1965.
58. Leasú ar an Acht um Eiseachadadh (Leasú), 1994.
59. Leasú ar an Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967.
60. Leasú ar an Acht um Bannaí, 1997.

CUID 7

SONRAÍ CUMARSÁIDE

61. Léiriú ar an gCuid seo.
62. Feidhm na Coda seo.
63. Sonraí maidir le trácht agus suíomh a bhaineann le cumarsáidí leis an teileafón a choinneáil.

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

Alt

64. Rochtain ar shonraí a choinneofar chun críocha forfheidhmithe dlí agus slándála.
65. Nós imeachta gearán.
66. Leasú ar alt 8 d'Acht 1993.
67. Dualgais an bhreithimh ainmnithe i ndáil leis an gCuid seo.

CUID 8

BARÁNTAS GABHÁLA EORPACH

68. Feidhm na Coda seo.
69. Toimhdeofar go gcomhlíonfaidh an stát eisiúna an Treoirchinneadh.
70. Cionta comhréire.
71. Oibleagáid duine a thabhairt suas.
72. Barántas gabhála Eorpach.
73. Leasú ar alt 12 d'Acht 2003.
74. Leasú ar alt 14 d'Acht 2003.
75. Leasú ar alt 15 d'Acht 2003.
76. Dáta éisteachta i ndáil le barántas gabhála Eorpach.
77. Leasú ar alt 18 d'Acht 2003.
78. Leasú ar alt 20 d'Acht 2003.
79. Diúltú duine a thabhairt suas i gcás nach ndéanfar cinneadh é nó í a ionchúiseamh.
80. Riail na speisialtachta.
81. An stát eisiúna do thabhairt suas duine do Bhallstát eile.
82. An stát eisiúna d'eiseachadadh duine chuig tríú stát.
83. Imeachtaí sa Stát.

SCEIDEAL 1

TREOIRCHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE AN 13 MEITHEAMH 2002 MAIDIR
LEIS AN SCEIMHLITHEOIREACHT A CHOMHRAC

CUID 1

CUID 2

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.]
Sceimhlitheoireachta), 2005.*

SCEIDEAL 2

CIONTA CHUN CRÍOCHA NA MÍNITHE AR “GNÍOMHAÍOCHT
SCEIMHLITHEOIREACHTA” AGUS “GNÍOMHAÍOCHT ATÁ NASCTHA LEIS AN
SCEIMHLITHEOIREAcht”

CUID 1

CUID 2

CUID 3

SCEIDEAL 3

AN COINBHINSIÚN IDIRNÁISIÚNTA IN AGHAIDH GIALLA A THÓGÁIL

SCEIDEAL 4

AN COINBHINSIÚN MAIDIR LE COSC AGUS PIONÓSÚ COIREANNA IN
AGHAIDH DAOINE ATÁ FAOI CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA, LENA
NÁIRÍTEAR GNÍOMHAIRÍ TAIDHLEOIREACHTA

SCEIDEAL 5

AN COINBHINSIÚN IDIRNÁISIÚNTA MAIDIR LE BUAMÁIL
SCEIMHLITHEOIREACHTA A DHÍCHUR

SCEIDEAL 6

CIONTA IN AGHAIDH DAOINE ATÁ FAOI CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA

CUID 1

CUID 2

SCEIDEAL 7

AN COINBHINSIÚN IDIRNÁISIÚNTA MAIDIR LE MAOINIÚ
SCEIMHLITHEOIREACHTA A DHÍCHUR

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

NA hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1973	1973, Uimh. 29
An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1975	1975, Uimh. 9
An tAcht um Bannaí, 1997	1997, Uimh. 16
Acht na nArm Ceimiceach, 1997	1997, Uimh. 28
An tAcht um Dhamáiste Coiriúil, 1991	1991, Uimh. 31
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1990	1990, Uimh. 16
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1994	1994, Uimh. 15
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1999	1999, Uimh. 10
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997	1997, Uimh. 4
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994	1994, Uimh. 2
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sábhálteacht Oibríthe na Náisiún Aontaithe), 2000	2000, Uimh. 16
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001	2001, Uimh. 50
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta), 2000	2000, Uimh. 11
An tAcht um an Dlí Coiriúil, 1976	1976, Uimh. 32
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Dlínse), 1976	1976, Uimh. 14
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990	1990, Uimh. 32
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967	1967, Uimh. 12
An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988	1988, Uimh. 25
Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003	
An tAcht Cosanta, 1954	1954, Uimh. 18
An tAcht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003	2003, Uimh. 45
<i>Explosive Substances Act</i> , 1883	46 & 47 Vict., c. 3
An tAcht um Eiseachadadh, 1965	1965, Uimh. 17
Na hAchtanna um Eiseachadadh, 1965 go 2001	
An tAcht um Eiseachadadh (Leasú), 1994	1994, Uimh. 6
Acht na nArm Teine, 1925	1925, Uimh. 17
Acht na nArm Tine, 1964	1964, Uimh. 1
An tAcht um Choinbhinsiún na Ginéive, 1962	1962, Uimh. 11
An tAcht um Chinedhíothú, 1973	1973, Uimh. 28
An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993	1993, Uimh. 10
<i>Malicious Damage Act</i> , 1861	24 & 25 Vict., c. 97
An tAcht um Shlándáil Mhuirí, 2004	2004, Uimh. 29
An tAcht Loingis Thráchtála, 1955	1955, Uimh. 29
An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997	1997, Uimh. 26
An tAcht um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939	1939, Uimh. 13
Na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998	
An tAcht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1985	1985, Uimh. 3
An tAcht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998	1998, Uimh. 39
<i>Post Office Act</i> , 1908	8 Edw. 7, c. 48
An tAcht um Fháltais ó Choireacht, 1996	1996, Uimh. 30
An tAcht um Chosaint Raideolaíoch, 1991	1991, Uimh. 9
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	1997, Uimh. 39



Uimhir 2 de 2005

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA
SCEIMHLITHEOIREACHTA), 2005**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DÁ CHUMASÚ DON STÁT GEALLTANAS FAOINA
nDEACHTHAS MAR CHUID DEN CHOMHPHOBAL
IDIRNÁISIÚNTA A CHOMHALL, DO LEASÚ NA
nACHTANNA UM CHIONTAÍ IN AGHAIDH AN STÁIT,
1939 GO 1998 AGUS AN ACHTA UM BARÁNTAS
GABHÁLA EORPACH, 2003, AGUS DO DHÉANAMH
SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA, LENA
nÁIRÍTEAR SONRAÍ CUMARSÁIDE A CHOINNEÁIL.
[8 Márta 2005]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

NITHE RÉAMHRÁITEACHA

1.—Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gearrtheideal.
Sceimhlitheoireachta), 2005 a ghairm den Acht seo.

2.—Tiocfaidh *alt 32* i ngníomh 4 mhí tar éis an tAcht seo a rith. Tosach feidhme.

3.—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs Léiriú.
a mhalairt—

folaíonn “gníomh” neamhghníomh agus folaíonn tagairt do ghníomh
a dhéanamh tagairt do ghníomh a fhágáil gan déanamh;

ciallaíonn “Acht 1939” an tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit,
1939;

ciallaíonn “Acht 1965” an tAcht um Eiseachadadh, 1965;

ciallaíonn “Acht 1985” an tAcht um Chiontaí in aghaidh an Stáit
(Leasú), 1985;

ciallaíonn “Acht 1994” an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1994;

Cd.1 A.3

[*Uimh. 2.*] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

ciallaíonn “Acht 1996” an tAcht um Fháltas ó Choireacht, 1996;

ciallaíonn “Acht 1998” an tAcht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998;

ciallaíonn “Acht 2003” an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003;

tá le “long Éireannach” an bhrí chéanna atá leis in alt 9 den Acht Loingis Thráchtála, 1955;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

folaíonn “long” aon soitheach a úsáidtear i loingseoireacht.

(2) San Acht seo, folaíonn tagairt do stát tagairt d’eintitis fhocheannasacha an stáit.

(3) Aon duine a bhfuil a phríomháit nó a príomháit chónaithe aige nó aici sa Stát ar feadh an 12 mhí díreach roimh ghníomh dá dtagraítear in *alt 6(2), 9(3), 10(4) nó 13(6)* a dhéanamh, measfar ina leith, chun críocha an Achta seo—

(a) más duine gan stát é nó í, go bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát ar dháta déanta an ghnímh sin, agus

(b) in aon chás eile, go bhfuil cónaí air nó uirthi sa Stát ar an dáta sin.

(4) San Acht seo—

(a) aon tagairt d’alt, do Chuid nó do Sceideal, is tagairt í d’alt nó do Chuid den Acht seo, nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,

(b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhómhír, is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhómhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

(c) aon tagairt d’aon achtachán eile, is tagairt í don achtachán sin arna leasú le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, lena n-áirítear an tAcht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

CUID 2

GRÚPAÍ SCEIMHLITHEOIREACHTA AGUS CIONTA SCEIMHLITHEOIREACHTA A DHÍCHUR

Mínithe do *Chuid 2*. **4.**—Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Treoirchinneadh” an Treoirchinneadh maidir leis an Sceimhlitheoireacht a Chomhrac arna ghlacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh i Lucsamburg an 13 Meitheamh 2002, a bhfuil an téacs de leagtha amach mar áis tagartha—

(a) i *gCuid 1* de *Sceideal 1*, i gcás an téacs Gaeilge, agus

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta)*, 2005.

Cd.2 A.4

(b) i gCuid 2 de *Sceideal 1*, i gcás an téacs Béarla;

ciallaíonn “gníomhaíocht sceimhlitheoireachta” gníomh a dhéantar sa Stát nó lasmuigh de, ar gníomh é—

(a) ba chion a shonraítear i gCuid 1 de *Sceideal 2*, dá ndéanfaí sa Stát é, agus

(b) a dhéantar le hintinn—

(i) imeaglú tromaí a dhéanamh ar phobal,

(ii) iallach míchuí a chur ar rialtas nó ar eagraíocht idirnáisiúnta gníomh a dhéanamh nó staonadh ó ghníomh a dhéanamh, nó

(iii) na bunstruchtúir pholaitiúla, bhunreachtúla, eacnamaíochta nó shóisialta de chuid stáit nó eagraíochta idirnáisiúnta a dhíchobhsú go tromaí nó a scriosadh;

tá le “grúpa sceimhlitheoireachta” an bhrí chéanna atá leis sa Treoirchinneadh;

ciallaíonn “gníomhaíocht atá nasctha leis an sceimhlitheoireacht” gníomh—

(a) a dhéantar sa Stát nó lasmuigh de, agus ar gníomh é—

(i) ba chion a shonraítear i gCuid 2 de *Sceideal 2*, dá ndéanfaí sa Stát é, agus

(ii) a dhéantar d’fhonn gabháil do ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta,

nó

(b) a dhéantar sa Stát nó lasmuigh de, agus ar gníomh é—

(i) ba chion a shonraítear i gCuid 3 de *Sceideal 2*, dá ndéanfaí sa Stát é, agus

(ii) a dhéantar d’fhonn gabháil do ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta nó d’fhonn gníomh a dhéanamh ba chion faoi alt 21 nó 21A d’Acht 1939, dá ndéanfaí sa Stát é.

5.—(1) Is eagraíocht neamhdhleathach, de réir bhrí agus chun críocha na nAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998 agus alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1976, grúpa sceimhlitheoireachta a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó a dhéanann déanamh gníomhaíochta sceimhlitheoireachta a chur chun cinn, a spreagadh nó a mholadh, sa Stát nó lasmuigh de. Grúpaí sceimhlitheoireachta.

(2) Chun críocha an Achta seo, beidh feidhm ag na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998, agus ag alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1976 fara aon mhodhnuithe is gá agus beidh éifeacht leo i ndáil le grúpa sceimhlitheoireachta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* amhail is dá mba eagraíocht dá dtagraítear in alt 18 d’Acht 1939 an grúpa sin.

Cd.2 A.5

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

(3) Ní ghlacfar leis go ndéantar *fo-ailt (1)* agus (2) a theorannú le haon fhoráil eile den Acht seo a dhéanann tagairt d'fhorálacha de na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998, nó a dhéanann forálacha is infheidhme i ndáil le cionta faoin Acht seo d'fhorálacha de na hAchtanna sin.

(4) Tá feidhm ag *fo-ailt (1)* agus (2) cibé acu atá an grúpa sceimhlitheoireachta bunaithe sa Stát nó lasmuigh de.

Cionta sceimhlitheoireachta. 6.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* go (4), tá duine ciontach i gcion más rud é—

(a) sa Stát nó lasmuigh de—

(i) go ngabhann an duine do ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta nó do ghníomhaíocht atá nasctha leis an sceimhlitheoireacht,

(ii) go ndéanann an duine iarracht gabháil do ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta nó do ghníomhaíocht atá nasctha leis an sceimhlitheoireacht, nó

(iii) go ndéanann an duine bagairt gabháil do ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta,

nó

(b) go ndéanann an duine gníomh lasmuigh den Stát, ar gníomh é, dá ndéanfaí sa Stát é—

(i) ba chion faoi alt 21 nó 21A d'Acht 1939, nó

(ii) ba chion faoi alt 6 d'Acht 1998.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le gníomh arna dhéanamh lasmuigh den Stát, más rud é—

(a) go ndéantar é ar bord loinge Éireannaí,

(b) go ndéantar é ar aerárthach arna chlárú sa Stát,

(c) go ndéanann duine is saoránach d'Éirinn nó a chónaíonn sa Stát é,

(d) go ndéantar é ar mhaithe le duine dlítheanach atá bunaithe sa Stát,

(e) go ndírítear é in aghaidh an Stáit nó saoránaigh Éireannaigh, nó

(f) go ndírítear é—

(i) in aghaidh institiúide den Aontas Eorpach atá bunaithe sa Stát, nó

(ii) in aghaidh comhlachta atá bunaithe sa Stát agus atá curtha ar bun de réir an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh nó an Chonartha ar an Aontas Eorpach.

(3) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* freisin maidir le gníomh arna dhéanamh lasmuigh den Stát in imthosca seachas na himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, ach sa chás sin ní fhéadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí dá dtagraítear in *alt 43(2)* mar gheall ar chion i leith an ghnímh sin a thionscnamh, ná toiliú leis an gcéanna a thionscnamh, ach amháin mar a údaraítear le *halt 43(3)*.

(4) Níl feidhm ag *fo-alt (1)*—

- (a) i leith gníomhaíochtaí fórsaí armtha le linn coinbhleachta armtha a mhéid atá na gníomhaíochtaí sin faoi rialú ag an dlí daonchairdiúil idirnáisiúnta, nó
- (b) i leith gníomhaíochtaí fórsaí armtha stáit i bhfeidhmiú a ndualgas oifigiúil a mhéid atá na gníomhaíochtaí sin faoi rialú ag rialacha eile den dlí idirnáisiúnta.

(5) Chun amhras a sheachaint, más rud é go ngabhann duine d'aon agóid, moladh nó easaontas, nó go ngabhann sé nó sí d'aon stailc, frithdhúnadh nó gníomh tionscail eile, ní hionann sin, as féin, agus bonn leordhóthanach le tátal a bhaint as go bhfuil an duine ag cur gnímh i gcrích leis an intinn a shonraítear i *mír (b)* den mhíniú ar “gníomhaíocht sceimhlitheoireachta” in *alt 4*.

(6) I gcás go gcúiseofar duine i gcion faoi *fho-alt (1)*, is cion a rinneadh, i dtuairim an Ard-Aighne, sa Stát nó lasmuigh de le hintinn—

- (a) iallach míchuí a chur ar rialtas stáit (seachas ballstát den Aontas Eorpach) gníomh a dhéanamh nó staonadh ó ghníomh a dhéanamh, nó
- (b) na bunstruchtúir pholaitiúla, bhunreachtúla, eacnamaíochta nó shóisialta de chuid stáit den sórt sin a dhíchobhsú go tromáil nó a scriosadh,

ansin, d'ainneoin aon ní san Acht seo, ní fhéadfar aon imeachtaí breise maidir leis an ní (seachas aon athchur i gcoimeád nó faoi bhannaí) a thionscnamh ach amháin le toiliú an Ard-Aighne.

(7) Más rud é, in imeachtaí mar gheall ar an gcion arb éard é gabháil, nó iarracht gabháil, do ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta—

- (a) go gcruthófar go ndearna an duine cúisithe gníomh, nó iarracht gníomh a dhéanamh, ar gníomh é—
 - (i) is cion a shonraítear i *gCuid 1 de Sceideal 2*, nó
 - (ii) ba chion dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* dá ndéanfaí sa Stát é,agus
- (b) gur deimhin leis an gcúirt, ag féachaint do na himthosca go léir lena n-áirítear na himthosca a shonraítear i *bhfo-alt (8)*, go bhfuil sé réasúnach a thiomhdiú go ndearnadh an gníomh nó an iarracht, le hintinn—
 - (i) imeaglú tromáil a dhéanamh ar phobal,

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

- (ii) iallach míchuí a chur ar rialtas nó ar eagraíocht idirnáisiúnta gníomh a dhéanamh nó staonadh ó ghníomh a dhéanamh, nó
- (iii) na bunstruchtúir pholaitiúla, bhunreachtúla, eacnamaíochta nó shóisialta de chuid stáit nó eagraíochta idirnáisiúnta a dhíchobhsú go tromáí nó a scriosadh,

toimhdeofar, murar deimhin leis an gcúirt a mhalairt, go ndearna an duine cúisithe an gníomh, nó an iarracht an gníomh a dhéanamh, agus an méid sin ar intinn aige nó aici.

(8) Folaíonn na himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)*—

- (a) maidir leis an ngníomh nó leis an iarracht dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)(a)*—
 - (i) cibé acu arbh údar é nó í, nó ar dhóigh gurbh údar é nó í, ina iomláine nó ina hiomláine, le contúirt do bheatha, nó d'iomláine coirp, daoine,
 - (ii) cibé acu ar chúis é nó í, nó ar dhóigh gur chúis é nó í, le damáiste tromáí do stát nó d'eagraíocht idirnáisiúnta, nó
 - (iii) cibé acu ar chúis é nó í le mórchaillteanas eacnamaíoch nó ar dhóigh go dtiocfadh mórchaillteanas eacnamaíoch as nó aisti,

agus

(b) aon nithe eile is iomchuí leis an gcúirt.

(9) I gcás go measfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go bhfuil dlínse ag Ballstát eile de na Comhphobail Eorpacha duine a thriail mar gheall ar aon ghníomh is cion faoin alt seo—

- (a) comhoibreoidh an Stiúrthóir leis an údarás cuí sa Bhallstát eile sin, agus
- (b) féadfaidh an Stiúrthóir dul ar iontaoibh aon chomhlachta nó sásra arna bhunú laistigh de na Comhphobail Eorpacha d'fhonn comhoibriú idir údaráis bhreithiúnacha a éascú,

ionas go ndéanfar ionchúiseamh an duine a lárú in aon Bhallstát amháin más féidir.

Pionóis mar gheall ar chionta sceimhlitheoireachta. **7.—(1)** Aon duine atá ciontach i gcion faoi *alt 6(1)(a)*, dlífeair, ar é nó í a chiontú, é nó í a phionósú de réir thromáíocht an chiona mar seo a leanas:

- (a) an phianbhreith phríosúnachta a bheidh socraithe le dlí a chur air nó uirthi, más cion é an cion comhréire a shonraítear i *Sceideal 2* a bhfuil an phianbhreith ina leith socraithe le dlí;
- (b) príosúnacht saoil a chur air nó uirthi, más cion é an cion comhréire a shonraítear i *Sceideal 2* arb í príosúnacht saoil an phianbhreith uasta ina leith;

- (c) príosúnacht a chur air nó uirthi ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain níos faide ná an téarma uasta príosúnachta i leith an chiona comhréire a shonraítear i *Sceideal 2*, más cion é an cion comhréire sin ar féidir téarma uasta príosúnachta 10 mbliana nó níos faide ina leith a chur ar dhuine láninniúil nár ciontaíodh roimhe sin;
- (d) príosúnacht a chur air nó uirthi ar feadh téarma nach faide ná 1 bhliain amháin níos faide ná an téarma uasta príosúnachta i leith an chiona comhréire a shonraítear i *Sceideal 2*, más cion é an cion comhréire sin ar féidir téarma uasta príosúnachta is giorra ná 10 mbliana ina leith a chur ar dhuine láninniúil nár ciontaíodh roimhe sin.

(2) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *alt 6(1)(b)*, dlífeair, ar é nó í a chiontú, an pionós a chur air nó uirthi a dhlífeair a chur air nó uirthi dá mba sa Stát a dhéanfaí an gníomh arb éard é an cion.

(3) San alt seo, ciallaíonn “cion comhréire”, i ndáil le duine a ciontaíodh i gcion faoi *alt 6(1)(a)*, an cion a ndlífeair an duine a chiontú ina leith dá mba sa Stát a dhéanfaí an gníomh arb éard é an cion faoin alt sin in éagmais na hintinne dá dtagraítear i *mír (b)* den mhíniú in *alt 4* ar “gníomhaíocht sceimhlitheoireachta”.

CUID 3

TÓGÁIL GIALL, BUAMÁIL SCEIMHLITHEOIREACHTA AGUS COIREANNA IN AGHAIDH DAOINE ATÁ FAOI CHOSAINT IDRINÁISIÚNTA, A DHÍCHUR

8.—Sa Chuid seo—

Mínithe do *Chuid 3*.

ciallaíonn “Coinbhinsiún um Ghialla” an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta in aghaidh Gialla a Thógáil, arna ghlacadh le rún 34/146 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 17 Nollaig 1979, a bhfuil an téacs Béarla de leagtha amach mar áis tagartha i *Sceideal 3*;

ciallaíonn “Coinbhinsiún um Dhaoine atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta” an Coinbhinsiún maidir le Cosc agus Pionósú Coireanna in aghaidh Daoine atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta, lena n-áirítear Gníomhairí Taidhleoireachta, arna ghlacadh le rún 3166 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 14 Nollaig 1973, a bhfuil an téacs Béarla de leagtha amach mar áis tagartha i *Sceideal 4*;

ciallaíonn “Coinbhinsiún um Buamáil Sceimhlitheoireachta” an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Buamáil Sceimhlitheoireachta a Dhíchur, arna ghlacadh le rún 52/164 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 15 Nollaig 1997, a bhfuil an téacs Béarla de leagtha amach mar áis tagartha i *Sceideal 5*.

9.—(1) Faoi réir *fho-ailt (3)* go *(5)*, tá duine ciontach sa chion arb éard é giall a thógáil, má dhéanann sé nó sí, sa Stát nó lasmuigh de— Cion arb éard é giall a thógáil.

(a) duine eile (“an giall”) a urghabháil nó a choinneáil, agus

(b) bagairt an giall a mharú, a ghortú nó leanúint dá choinneáil nó dá coinneáil,

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

chun iallach a chur ar stát, ar eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta, ar dhuine nó ar ghrúpa daoine aon ghníomh a dhéanamh nó staonadh ó aon ghníomh a dhéanamh.

(2) Faoi réir *fho-ailt (3)* go *(5)*, aon duine a dhéanann iarracht cion faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Tá feidhm ag *fo-ailt (1)* agus *(2)* maidir le gníomh a dhéantar lasmuigh den Stát, más rud é—

- (a) go ndéantar an gníomh ar bord loinge Éireannaí,
- (b) go ndéantar an gníomh ar aerárthach arna chlárú sa Stát,
- (c) go ndéanann saoránach d'Éirinn nó duine gan stát a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát an gníomh,
- (d) go ndéantar an gníomh chun iallach a chur ar an Stát gníomh a dhéanamh nó staonadh ó ghníomh a dhéanamh, nó
- (e) gur saoránach d'Éirinn an giall.

(4) Tá feidhm freisin ag *fo-ailt (1)* agus *(2)* maidir le gníomh a dhéantar lasmuigh den Stát in imthosca seachas na himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, ach sa chás sin ní fhéadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí dá dtagraítear in *alt 43(2)* mar gheall ar chion i leith an ghnímh sin a thionscnamh, ná toiliú leis an gcéanna a thionscnamh, ach amháin mar a údaraítear le *halt 43(3)*.

(5) Níl feidhm ag *fo-ailt (1)* agus *(2)* maidir le haon ghníomh tógála géill arb éard é cion faoi alt 3 den Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962.

(6) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil, príosúnacht saoil a chur air nó uirthi.

Cion arb éard é buamáil sceimhlitheoireachta.

10.—(1) Faoi réir *fho-ailt ((4) go (6))*, tá duine ciontach i gcion má dhéanann sé nó sí, sa Stát nó lasmuigh de, go neamhdhleathach agus go hintinneach, feiste phléascach nó feiste mharfach eile a sheachadadh, a shuíomh, a scaoileadh nó a mhadhmadh in aon cheann díobh seo a leanas, isteach in aon cheann díobh seo a leanas nó i gcoinne aon cheann díobh seo a leanas—

- (a) áit úsáide poiblí,
- (b) saoráid stáit nó rialtais,
- (c) córas iompair phoiblí, nó
- (d) saoráid bonneagair,

le hintinn bás a thabhairt nó mórdhíobháil coirp a dhéanamh.

(2) Faoi réir *fho-ailt (4)* go *(6)*, tá duine ciontach i gcion más rud é—

- (a) go ndéanann sé nó sí, sa Stát nó lasmuigh de, go neamhdhleathach agus go hintinneach, feiste phléascach nó feiste mharfach eile a sheachadadh, a shuíomh, a scaoileadh nó a mhadhmadh in aon áit, saoráid nó córas

dá dtagraítear in aon mhír *d'fho-alt (1)*, isteach sa chéanna nó i gcoinne an chéanna, le hintinn mórscrios a dhéanamh ar an áit, ar an tsaoráid nó ar an gcóras sin, agus

(b) go bhfuil nó gur dóigh go mbeidh mórchailteanas eacnamaíoch de thoradh ar an scrios.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)* go (6), aon duine a dhéanann iarracht cion faoi *fho-alt (1)* nó (2) a dhéanamh, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* go (3) maidir le gníomh a dhéantar lasmuigh den Stát, más rud é, maidir leis an ngníomh—

(a) go ndéantar é ar bord loinge Éireanaí,

(b) go ndéantar é ar aerárthach arna chlárú sa Stát nó atá á oibriú ag an Stát,

(c) gur saoránach d'Éirinn nó duine gan stát a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát a dhéanann é,

(d) go ndéantar é in aghaidh saoránaigh d'Éirinn,

(e) go ndéantar é in aghaidh saoráide stáit nó rialtais de chuid an Stáit thar lear, lena n-áirítear ambasáid nó áitreabh eile taidhleoireachta nó consalachta de chuid an Stáit, nó

(f) go ndéantar é chun iallach a chur ar an Stát gníomh a dhéanamh nó staonadh ó ghníomh a dhéanamh.

(5) Tá feidhm freisin ag *fo-alt (1)* go (3) maidir le gníomh a dhéanfar lasmuigh den Stát in imthosca seachas na himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*, ach sa chás sin ní fhéadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí dá dtagraítear in *alt 43 (2)* mar gheall ar chion i leith an ghnímh sin a thionscnamh, ná toiliú leis an gcéanna a thionscnamh, ach amháin mar a údaraítear le *halt 43(3)*.

(6) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* go (3)—

(a) i leith gníomhaíochtaí fórsaí armtha le linn coinbhleachta armtha a mhéid atá na gníomhaíochtaí sin faoi rialú ag an dlí daonchairdiúil idirnáisiúnta, nó

(b) i leith gníomhaíochtaí fórsaí armtha stáit i bhfeidhmiú a ndualgas oifigiúil a mhéid atá na gníomhaíochtaí sin faoi rialú ag rialacha eile den dlí idirnáisiúnta.

(7) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, príosúnacht saoil a chur air nó uirthi.

(8) Faoi réir *fho-alt (9)*, tá an bhrí chéanna le focal nó abairt a úsáidtear san alt seo atá leis nó léi sa Choinbhinsiún um Buamáil Sceimhlitheoireachta.

(9) San alt seo, ciallaíonn “feiste phléascach nó feiste mharfach eile” aon cheann díobh seo a leanas:

(a) arm pléascach nó feiste phléascach atá deartha, nó ina bhfuil an cumas, chun bás a thabhairt nó mórdhíobháil coirp nó damáiste substaintiúil ábhartha a dhéanamh;

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

- (b) arm dóiteáin nó feiste dóiteáin atá deartha, nó ina bhfuil an cumas, chun bás a thabhairt nó mórdhíobháil coirp nó damáiste substaintiúil ábhartha a dhéanamh;
- (c) arm nó feiste atá deartha, nó ina bhfuil an cumas, chun bás a thabhairt nó mórdhíobháil coirp nó damáiste substaintiúil ábhartha a dhéanamh trí scaoileadh amach nó scaipeadh aon cheann díobh seo a leanas nó trína imbhuiladh nó trína himbhualadh:
 - (i) ceimiceán tocsaineach mar a mhínítear in Acht na nArm Ceimiceach, 1997;
 - (ii) gníomhaí miocróbach nó gníomhaí bitheolaíoch eile;
 - (iii) tocsain, cibé bunadh nó modh táirgthe atá léi;
 - (iv) substaint lena mbeidh éifeacht den tsamhail chéanna le héifeacht aon ní dá dtagraítear in aon fhomhír d'fhomhíreanna (i) go (iii);
 - (v) radaíocht ianúcháin nó substaint radaighníomhach, mar a mhínítear san Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991.

Cionta in aghaidh daoine atá faoi chosaint idirnáisiúnta.

11.—(1) Faoi réir *fho-ailt* (3) agus (4), tá duine ciontach i gcion, má dhéanann sé nó sí lasmuigh den Stát—

- (a) gníomh ar dhuine, nó i ndáil le duine, atá faoi chosaint idirnáisiúnta, ar gníomh é ba chion a shonraítear i *gCuid 1* de *Sceideal 6* dá ndéanfaí sa Stát é, nó
- (b) gníomh i dtaca le hionsaí ar an áitreabh oifigiúil, ar an gcóiríocht phríobháideach nó ar aon chóir iompair de chuid duine atá faoi chosaint idirnáisiúnta, ar gníomh é ba chion a shonraítear i *gCuid 2* de *Sceideal 6* dá ndéanfaí sa Stát é.

(2) Faoi réir *fho-ailt* (3) agus (4), tá duine ciontach i gcion, más rud é—

- (a) go ndéanann sé nó sí iarracht gníomh is cion faoi *fho-alt* (1) a dhéanamh, nó
- (b) go mbagraíonn sé nó sí gníomh is cion faoi *fho-alt* (1) a dhéanamh agus é ar intinn aige nó aici go mbeidh eagla ar an duine ar a ndéantar an bhagairt go gcuirfear í i gcrích.

(3) Tá feidhm ag *fo-ailt* (1) agus (2) maidir le gníomh a dhéantar lasmuigh den Stát, más rud é, maidir leis an ngníomh—

- (a) go ndéantar é ar bord loinge Éireannaí,
- (b) go ndéantar é ar aerárthach arna chlárú sa Stát,
- (c) go ndéanann saoránach d'Éirinn é, nó
- (d) go ndéantar é in aghaidh duine ag a bhfuil stádas duine atá faoi chosaint idirnáisiúnta de bhua feidhmeanna arna bhfeidhmiú thar ceann an Stáit.

(4) Tá feidhm freisin ag *fo-ailt (1)* agus *(2)* maidir le gníomh a dhéantar lasmuigh den Stát in imthosca seachas na himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, ach sa chás sin ní fhéadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí dá dtagraítear in *alt 43(2)* mar gheall ar chion i leith an ghnímh sin a thionscnamh, ná toiliú leis an gcéanna a thionscnamh, ach amháin mar a údaraítear le *halt 43(3)*.

(5) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú—

(a) i gcás ciona faoi *fho-alt (1)* nó *(2)(a)*, an pionós a chur air nó uirthi a dhlífí a chur air nó uirthi dá mba sa Stát a dhéanfaí an gníomh arb éard é an cion, nó

(b) i gcás ciona faoi *fho-alt (2)(b)*, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, a chur air nó uirthi.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, tá an bhrí chéanna le focal nó abairt a úsáidtear san alt seo atá leis nó léi sa Choinbhinsiún um Dhaoine atá Faoi Chosaint Idirnáisiúnta.

(7) San alt seo, ciallaíonn “duine atá faoi chosaint idirnáisiúnta”, i ndáil le cion faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*—

(a) duine atá, an tráth a dhéantar an cion—

(i) ina Cheann Stáit nó ina Ceann Stáit, ina chomhalta nó ina comhalta de chomhlacht a chomhlíonann na feidhmeanna atá ag Ceann Stáit faoi bhunrecht stáit, ina Cheann Rialtais nó ina Ceann Rialtais nó ina Aire Gnóthaí Eachtracha nó ina hAire Gnóthaí Eachtracha, agus

(ii) lasmuigh de chríoch an stáit ina sealbhaíonn sé nó sí oifig,

(b) duine nach dtagann faoi réim *mhír (a)* agus atá, an tráth a dhéantar an cion—

(i) ina ionadaí nó ina hionadaí nó ina oifigeach nó ina hoifigeach de chuid stáit nó ina oifigeach nó ina hoifigeach nó ina ghníomhaire nó ina gníomhaire de chuid eagraíochta idirnáisiúnta de chineál idir-rialtasach, agus

(ii) i dteideal, faoin dlí idirnáisiúnta, go ndéanfaí é nó í a chosaint ar ionsaí ar a phearsa nó ar a pearsa, ar a shaoirse nó ar a saoirse nó ar a dhínit nó ar a dínit,

nó

(c) duine atá, an tráth a dhéantar an cion—

(i) ina dhuine nó ina duine de theaghlach duine a luaitear i *mír (a)* agus atá á thionlacan nó á tionlacan, nó

(ii) ina dhuine nó ina duine de theaghlach agus de líon tí duine a luaitear i *mír (b)*.

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

CUID 4

MAOINIÚ SCEIMHLITHEOIREACHTA A DHÍCHUR

Léiriú ar *Chuid 4*. **12.**—(1) Sa Chuid seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “ordú diúscartha” ordú faoi *alt 16*;

ciallaíonn “cistí”—

- (a) sócmhainní de gach sórt, cibé acu atá siad inláimhsithe nó doláimhsithe, sochorraithe nó dochorraithe, agus cibé slí ar a bhfaightear iad, agus
- (b) aon doiciméad dlíthiúil nó ionstraim dhlíthiúil i bhfoirm ar bith, lena n-airítear i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm dhigiteach, lena bhfianáitear teideal chuig aon sócmhainn, nó leas inti, lena n-airítear creidmheas bainc, seic taistealaí, seic bainc, ordú airgid, scair, urrús, banna, dréacht agus litir chreidmheasa, ach gan bheith teoranta dóibh;

ciallaíonn “ordú eatramhach” ordú faoi *alt 14*;

ciallaíonn “ordú idirbhreitheach” ordú faoi *alt 15*;

ciallaíonn “comhalta den Gharda Síochána” comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná Ardcheannfort;

ciallaíonn “freagróir”—

- (a) duine a bhfuil iarratas ar ordú eatramhach nó ordú idirbhreitheach déanta ina leith, nó
- (b) duine a bhfuil ordú eatramhach nó ordú idirbhreitheach déanta ina leith,

agus folaíonn sé duine a thioctadh, murach an tAcht seo, chun teideal a bheith aige nó aici, ar bhás duine dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)*, chun aon chistí lena mbaineann ordú den sórt sin (ar ordú a bheidh i bhfeidhm agus ar ordú i leith an duine sin é);

ciallaíonn “Coinbhinsiún um Maoiniú Sceimhlitheoireachta” an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Dhíchur arna ghlacadh le rún 54/109 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 9 Nollaig 1999, a bhfuil an téacs Béarla de leagtha amach mar áis tagartha i *Sceideal 7*.

(2) Chun críocha *ailt 14* go *20*, measfar cistí a bheith i seilbh, nó faoi rialú, ag duine d’ainneoin iad go léir nó cuid díobh—

- (a) a bheith i seilbh, nó faoi rialú, go dleathach ag comhalta den Gharda Síochána de chéim ar bith nó ag aon duine eile, ar iad a bheith urghafa nó tógtha ar shlí eile go dlíthiúil ag aon chomhalta nó duine den sórt sin, nó
- (b) a bheith faoi réir ordú eatramhach, ordú idirbhreitheach nó aon ordú eile ó chúirt, ar ordú é;

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta)*, 2005.

CD.4 A.12

(i) lena ndéantar aon duine a thoirmeasc ar na cistí a dhiúscairt nó ar dhéileáil leo ar shlí eile nó ar a luach a laghdú, nó a bhfuil an éifeacht chéanna leis;

(ii) ina bhfuil aon choinníollacha nó srianta chuige sin, nó a bhfuil an éifeacht chéanna leis,

nó

(c) a bheith faoi réir comhaontú ligin, a bheith ina n-ábhar d'iontaobhas nó a bheith ar áitiú thairis sin ag duine eile nó a bheith neamh-inrochtana.

(3) Ní dhéanfar *fo-alt (2)* a fhorléiriú ar shlí a theorannóidh ginearáltacht ailt 11(2) agus 13(2) d'Acht 1996 mar a chuirtear chun feidhme iad le *halt 20* den Acht seo.

13.—(1) Faoi réir *fho-ailt (6)* agus (7), tá duine ciontach i gcion má dhéanann an duine, ar aon mhodh, go díreach nó go neamhdhíreach, sa Stát nó lasmuigh de, cistí a sholáthar, a bhailiú nó a fháil go neamhdhleathach agus go toiliúil agus é ar intinn ag an duine go n-úsáidfead iad nó fios aige nó aici go n-úsáidfead iad, go hiomlán nó go páirteach, chun na gníomhartha seo a leanas a chur i gcrích—

Cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta.

(a) gníomh ar cion é faoi dhlí an Stáit agus a thagann faoi réim aon chonartha, agus mar a mhínítear in aon chonradh, atá liostaithe san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Maoiniú Sceimhlitheoireachta, nó

(b) gníomh (seachas gníomh dá dtagraítear i *mír (a)*)—

(i) lena mbeartaítear bás sibhialtaigh, nó aon duine eile nach nglacann páirt ghníomhach sa chogaíocht i gcoinbhleacht armtha, a thabhairt nó mórdhíobháil coirp a dhéanamh dó nó di, agus

(ii) arb é is cuspóir leis, mar gheall ar an gcineál gnímh nó mar gheall ar a chomhthéacs, imeaglú a dhéanamh ar phobal nó iallach a chur ar rialtas nó ar eagraíocht idirnáisiúnta aon ghníomh a dhéanamh nó staonadh ó aon ghníomh a dhéanamh.

(2) Faoi réir *fho-ailt (6)* agus (7), aon duine a dhéanann iarracht cion faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Tá duine ciontach i gcion má dhéanann an duine, ar aon mhodh, go díreach nó go neamhdhíreach, cistí a sholáthar, a bhailiú nó a fháil go neamhdhleathach agus go toiliúil agus é ar intinn ag an duine go n-úsáidfead iad nó fios aige nó aici go n-úsáidfead iad, go hiomlán nó go páirteach—

(a) chun sochair do ghrúpa sceimhlitheoireachta mar a mhínítear in *alt 4* nó chun críocha an chéanna, nó

(b) chun gníomh a chur i gcrích (seachas gníomh dá dtagraítear i *mír (a)* nó (b) d'*fho-alt (1)*) is cion faoi *alt 6*.

(4) Aon duine a dhéanann iarracht cion faoi *fho-alt (3)* a dhéanamh, tá sé nó sí ciontach i gcion.

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

(5) Féadfar cion a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* nó *(3)* cibé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear na cistí chun gníomh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(3)(b)*, de réir mar a bheidh, a chur i gcrích.

(6) Tá feidhm ag *fo-ailt (1)* agus *(2)* maidir le gníomh a dhéantar lasmuigh den Stát, más rud é, maidir leis an ngníomh—

- (a) go ndéantar é ar bord loinge Éireannaí,
- (b) go ndéantar é ar aerárthach arna chlárú sa Stát nó atá á oibriú ag an Stát,
- (c) gur saoránach d'Éirinn nó duine gan stát a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát a dhéanann é,
- (d) go ndírítear é ar ghníomh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chur i gcrích sa Stát nó in aghaidh saoránaigh d'Éirinn, nó go ndéantar an céanna de thoradh air,
- (e) go ndírítear é ar ghníomh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chur i gcrích in aghaidh saoráide Stáit nó Rialtais de chuid an Stáit thar lear, lena n-áirítear ambasáid nó áitreabh eile taidhleoireachta nó consalachta de chuid an Stáit, nó go ndéantar an céanna de thoradh air, nó
- (f) go ndírítear é ar ghníomh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chur i gcrích mar iarracht chun iallach a chur ar an Stát aon ghníomh a dhéanamh nó staonadh ó aon ghníomh a dhéanamh, go ndéantar an céanna de thoradh air.

(7) Tá feidhm freisin ag *fo-ailt (1)* agus *(2)* maidir le gníomh a dhéantar lasmuigh den Stát in imthosca seachas na himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)*, ach sa chás sin ní fhéadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí dá dtagraítear in *alt 43(2)* mar gheall ar chion i leith an ghnímh sin a thionscnamh, ná toiliú leis an gcéanna a thionscnamh, ach amháin mar a údaraítear le *halt 43(3)*.

(8) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 20 bliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Ordú eatramhach lena gcalctar cistí áirithe.

14.—(1) Más deimhin leis an Ard-Chúirt ar iarratas *ex parte* ó chomhalta den Gharda Síochána go bhfuil cistí i seilbh nó faoi rialú ag duine, ar cistí iad atá á n-úsáid nó a bhféadfaí é a bheith ar intinn iad a úsáid chun cion faoi *alt 6* nó *13* a dhéanamh, nó chun an céanna a éascú, féadfaidh sí ordú a dhéanamh lena dtoirmiscefear ar an duine, ar aon duine sonraithe eile nó ar aon duine eile ag a bhfuil fógra faoin ordú na nithe seo a leanas a dhéanamh—

- (a) na cistí go léir nó, más cuí, cuid shonraithe de na cistí a dhiúscairt, nó déileáil leo nó léi ar shlí eile, le linn cibé tréimhse, nach faide ná 40 lá, a shonróidh an Chúirt, nó
- (b) luach na gcistí a laghdú le linn na tréimhse sin.

(2) Maidir le hordú eatramhach—

- (a) féadfaidh cibé forálacha, coinníollacha agus srianta a bheith ann is dóigh leis an gCúirt is gá nó is fóirsteanach, agus
- (b) déanfar foráil leis go dtabharfar fógra i dtaobh an ordaithe don fhreagróir agus d'aon duine eile ar dealraitheach go ndéanann sé difear, nó a ndéanann sé difear, dó nó di mura deimhin leis an gCúirt nach féidir le réasún a fhionnadh cá bhfuil siad.

(3) Ar iarratas ón bhfreagróir nó ó aon duine eile a éileoidh gurb é nó í úinéir na gcistí a shonraítear in ordú eatramhach a bheidh i bhfeidhm, féadfaidh an Chúirt an t-ordú a urscaoileadh nó, de réir mar is cú, a athrú más deimhin léi nach cistí iad na cistí sin nó cuid de na cistí sin, atá á n-úsáid, nó a bhféadfaí é a bheith ar intinn iad a úsáid, chun cion faoi *alt 6* nó *13* a dhéanamh, nó chun an céanna a éascú.

(4) Ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána nó ó aon duine eile, féadfaidh an Chúirt ordú eatramhach a athrú a mhéid is gá chun na nithe seo a leanas a cheadú—

- (a) forfheidhmiú aon ordaithe ó chúirt go n-íocfaidh an freagróir aon suim, lena n-áirítear aon suim i leith costas,
- (b) cláraitheoir contae nó sirriam do ghnóthú cáin ioncaim a bheidh dlite den fhreagróir de bhun deimhniú arna eisiúint ag an Ard-Bhailitheoir faoi *alt 962* den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, mar aon leis na táillí agus na caiteachais dá bhforáiltear san *alt sin*, nó
- (c) imeachtaí a thionscnamh i leith aon suim eile a bheidh dlite den fhreagróir a ghnóthú nó i ndáil leis an gcéanna.

(5) Ní dhéanfar *fo-alt (4)* a fhorléiriú ar shlí a theorannóidh ginearáltacht *alt 6* d'Acht 1996 mar a chuirtear chun feidhme é le *halt 20* den Acht seo.

(6) Ar iarratas aon tráth ó chomhalta den Gharda Síochána, urscaoilfidh an Chúirt ordú eatramhach.

(7) Faoi réir *fho-ailt (3)*, *(6)* agus *(11)*, leanann ordú eatramhach i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse a shonróidh an Chúirt agus téann sé as feidhm ansin mura rud é go ndéantar iarratas ar ordú idirbhreitheach a thionscnamh i leith aon cheann de na cistí lena mbaineann le linn na tréimhse sin.

(8) Má dhéantar iarratas ar ordú idirbhreitheach a thionscnamh laistigh den tréimhse a cheadaítear faoi *fho-alt (7)*, téann an t-ordú eatramhach as feidhm—

- (a) ar an iarratas a chinneadh,
- (b) ar éag don ghnáth-am chun achomharc i gcoinne an chinnidh a thionscnamh, nó
- (c) má thionscnaítear achomharc den sórt sin, ar an achomharc nó aon achomharc breise a chinneadh nó a thréigean, nó ar éag don ghnáth-am chun aon achomharc breise a thionscnamh,

cibé acu is déanaí.

(9) Tabharfaidh an freagróir nó an duine eile a bheidh ag déanamh an iarratais fógra faoi iarratas faoi *fho-alt (3)* chun ordú eatramhach a urscaoileadh nó a athrú—

- (a) don chomhalta den Gharda Síochána a rinne iarratas ar an ordú eatramhach, agus
- (b) do cibé daoine eile (más ann) a ordóidh an Chúirt.

(10) Tabharfaidh an t-iarratasóir fógra faoi iarratas faoi *fho-alt (4)* chun ordú eatramhach a athrú nó, faoi *fho-alt (6)*, chun é a urscaoileadh—

- (a) don fhreagróir mura deimhin leis an gCúirt nach féidir le réasún a fhionnadh cá bhfuil an freagróir, agus
- (b) do cibé daoine eile (más ann) a ordóidh an Chúirt.

(11) I gcás go mbaineann ordú forghéillte, nó ordú coigistíochta, faoi Acht 1994 le haon chistí is ábhar d'ordú eatramhach atá i bhfeidhm—

- (a) urscaoiltear an t-ordú eatramhach, má bhaineann sé leis na cistí is ábhar don ordú forghéillte nó don ordú coigistíochta, de réir mar a bheidh, agus leis na cistí sin amháin, agus
- (b) athraítear an t-ordú eatramhach trí na cistí eile a eisiamh uaidh, má bhaineann sé le cistí eile i dteannta na gcistí is ábhar don ordú forghéillte nó don ordú coigistíochta, de réir mar a bheidh.

Ordú idirbhreitheach.

15.—(1) Más rud é, ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána, gur dealraitheach don Ard-Chúirt ar fhianaise a thabharfaidh an t-iarratasóir go bhfuil cistí i seilbh nó faoi rialú ag duine, ar cistí iad a bhí á n-úsáid, nó a bhféadfaí é a bheith ar intinn iad a úsáid, chun cion faoi *alt 6* nó *13* a dhéanamh, nó chun an céanna a éascú, déanfaidh an Chúirt, faoi réir *fho-alt (2)* den alt seo, ordú lena dtuairmítear ar an bhfreagróir, ar aon duine sonraithe eile nó ar aon duine eile ag a bhfuil fógra faoin ordú, aon cheann díobh seo a leanas a dhéanamh—

- (a) na cistí go léir nó, más cuí, cuid shonraithe de na cistí a dhiúscairt nó déileáil leo nó léi ar shlí eile, nó
- (b) luach na gcistí a laghdú,

mura deimhin leis an gCúirt, ar fhianaise a thabharfaidh an freagróir, nó aon duine eile, nach bhfuil na cistí á n-úsáid ná nach bhfuil ar intinn iad a úsáid chun cion faoi *alt 6* nó *13* a dhéanamh, nó chun an céanna a éascú.

(2) Ní dhéanfaidh an Chúirt ordú idirbhreitheach más deimhin léi go mbeadh baol tromáí éigeartais ann.

(3) Féadfaidh gurb é a bheidh i bhfianaise, nó gurb é a bheidh ar áireamh i bhfianaise, arna tabhairt ag an iarratasóir ar ordú idirbhreitheach fianaise a bheidh inghlactha de bhua *alt 18*.

(4) Maidir le hordú idirbhreitheach—

- (a) féadfaidh cibé forálacha, coinníollacha agus srianta a bheith ann a mheasfaidh an Chúirt is gá nó is fóirsteanach, agus
- (b) déanfar foráil leis go dtabharfar fógra faoin ordú a thabhairt don fhreagróir agus d'aon duine eile ar dealraitheach go ndéanann sé difear, nó a ndéanann sé difear, dó nó di mura deimhin leis an gCúirt nach féidir le réasún a fhionnadh cá bhfuil siad.

(5) Ar iarratas ón bhfreagróir nó ó aon duine eile a éileoidh gurb é nó í úinéir na gcistí lena mbaineann, féadfaidh an Chúirt ordú a bheith i bhfeidhm a urscaoileadh nó, de réir mar is cuí, a athrú, más deimhin léi—

- (a) nach cistí iad na cistí lena mbaineann, nó cuid díobh, atá á n-úsáid, ná a bhféadfaí é a bheith ar intinn iad a úsáid, chun cion faoi *alt 6* nó *13* a dhéanamh, nó chun an céanna a éascú, nó
- (b) gur cúis le haon éigeartas eile an t-ordú.

(6) Ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána nó ó aon duine eile, féadfaidh an Chúirt ordú idirbhreitheach a athrú a mhéid is gá chun na nithe seo a leanas a cheadú—

- (a) forfheidhmiú aon ordaithe ó chúirt go n-íocfaidh an freagróir aon suim, lena n-áirítear aon suim i leith costas,
- (b) cláraitheoir contae nó sirriam do ghnóthú cáin ioncaim a bheidh dlite den fhreagróir de bhun deimhniú arna eisiúint ag an Ard-Bhailitheoir faoi *alt 962* den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, mar aon leis na táillí agus na caiteachais dá bhforáiltear san *alt sin*, nó
- (c) imeachtaí a thionscnamh i leith aon suim eile a bheidh dlite den fhreagróir a ghnóthú nó i ndáil leis an gcéanna.

(7) Ní dhéanfar *fo-alt (6)* a fhorléiriú ar shlí a theorannóidh ginearáltacht *alt 6* d'Acht 1996 mar a chuirtear chun feidhme é le *halt 20* den Acht seo.

(8) Ar iarratas aon tráth ó chomhalta den Gharda Síochána, urscaoilfidh an Chúirt ordú idirbhreitheach.

(9) Faoi réir *fho-ailt (5)*, *(6)* agus *(12)*, leanfaidh ordú idirbhreitheach i bhfeidhm go dtí—

- (a) go gcinnfear iarratas ar ordú diúscartha i ndáil leis na cistí lena mbaineann,
- (b) go n-éagfaidh an gnáth-am chun achomharc i gcoinne an chinnidh sin a thionscnamh, nó
- (c) má thionscnaítear achomharc de sórt sin, go ndéanfar an t-achomharc nó aon achomharc breise a chinneadh nó a thréigean, nó go n-éagfaidh an gnáth-am chun aon achomharc breise a thionscnamh,

cibé acu is déanaí.

Cd.4 A.15

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

(10) Tabharfaidh an t-iarratasóir fógra faoi iarratas faoi *fho-alt (1)* ar ordú idirbhreitheach nó faoi iarratas faoi *fho-alt (6)* chun ordú idirbhreitheach a athrú nó, faoi *fho-alt (8)*, chun é a urscaoileadh—

- (a) don fhreagróir mura deimhin leis an gCúirt nach féidir le réasún a fhionnadh cá bhfuil an freagróir, agus
- (b) d'aon duine eile a n-ordóidh an Chúirt go dtabharfar fógra dó nó di.

(11) Tabharfaidh an freagróir nó an duine eile a bheidh ag déanamh an iarratais fógra faoi iarratas faoi *fho-alt (5)* chun ordú idirbhreitheach a urscaoileadh nó a athrú—

- (a) don chomhalta den Gharda Síochána a rinne iarratas ar an ordú idirbhreitheach, agus
- (b) do cibé daoine eile (más ann) a ordóidh an Chúirt.

(12) I gcás go mbaineann ordú forghéillte, nó ordú coigistíochta, faoi Acht 1994 le haon chistí is ábhar d'ordú idirbhreitheach atá i bhfeidhm—

- (a) urscaoiltear an t-ordú idirbhreitheach má bhaineann sé leis na cistí is ábhar don ordú forghéillte nó don ordú coigistíochta, de réir mar a bheidh, agus leis na cistí sin amháin, agus
- (b) athraítear an t-ordú idirbhreitheach trí na cistí eile a eisiáil uaidh, má bhaineann sé le cistí eile i dteannta na gcistí is ábhar don ordú forghéillte nó don ordú coigistíochta, de réir mar a bheidh.

Ordú diúscartha.

16.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, i gcás go raibh ordú idirbhreitheach i bhfeidhm ar feadh 7 mbliana ar a laghad i ndáil le cistí, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána, ordú a dhéanamh lena n-ordófar go ndéanfar na cistí go léir nó, más cuí, cuid shonraithe díobh a aistriú, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a shonróidh an Chúirt, chuig an Aire Airgeadais nó chuig cibé duine eile a chinnfidh an Chúirt.

(2) Faoi réir *fho-alt (6)* agus (8), déanfaidh an Chúirt ordú diúscartha i ndáil le haon chistí is ábhar d'iarratas faoi *fho-alt (1)* mura deimhin léi nach cistí iad na cistí a úsáideadh nó a raibh sé ar intinn iad a úsáid chun cion faoi *alt 6* nó *13* a dhéanamh, nó chun an céanna a éascú.

(3) Tabharfaidh an t-iarratasóir fógra faoi iarratas faoin alt seo—

- (a) don fhreagróir mura deimhin leis an gCúirt nach féidir le réasún a fhionnadh cá bhfuil an freagróir, agus
- (b) do cibé daoine eile (más ann) a ordóidh an Chúirt.

(4) Oibríonn ordú diúscartha chun aon chearta chun na gcistí lena mbaineann an t-ordú a bhaint den fhreagróir agus, ar an ordú a dhéanamh, aistrítear na cistí chuig an Aire Airgeadais nó chuig an duine eile a chinnfidh an Chúirt.

(5) Féadfaidh an tAire Airgeadais aon chistí a aistrítear chuige nó chuici faoin alt seo a dhiúscairt agus déanfaidh sé nó sí aon fháltais

as an diúscairt agus aon airgead a aistrítear chuig an Aire sin faoin alt seo a íoc isteach sa Státchiste agus a dhiúscairt chun tairbhe don Státchiste.

(6) In imeachtaí faoi *fho-alt (1)*, sula gcinnfidh an Chúirt an ndéanfaidh sí ordú diúscartha, tabharfaidh sí deis d'aon duine a éilíonn gurb é nó í úinéir na gcistí éisteacht a fháil ón gCúirt agus cúis a shuíomh le nach ceart an t-ordú a dhéanamh.

(7) Ar iarratas ón bhfreagróir nó, mura féidir a fhionnadh cá bhfuil an freagróir, ar thionscnamh na Cúirte féin, féadfaidh an Chúirt, más cuí léi déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an gceartas, éisteacht iarratais faoi *fho-alt (1)* a chur ar atráth ar feadh cibé tréimhse nach faide ná 2 bhliain is dóigh léi is réasúnach.

(8) Ní dhéanfaidh an Chúirt ordú diúscartha más deimhin léi go mbeadh baol tromáí éigeartais ann.

17.—(1) Aon tráth le linn d'ordú eatramhach nó idirbhreitheach a bheith i bhfeidhm, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána, cibé orduithe a dhéanamh is dóigh léi is gá nó is fóirsteanach chun a chumasú lánéifeacht a bheith leis an ordú eatramhach nó leis an ordú idirbhreitheach.

Orduithe coimhdeacha agus foráil i ndáil le brabúis nó gnóchain áirithe, etc.

(2) Tabharfaidh an t-iarratasóir fógra faoi iarratas faoin alt seo—

- (a) don fhreagróir, mura deimhin leis an gCúirt nach féidir le réasún a fhionnadh cá bhfuil an freagróir, agus
- (b) do cibé daoine eile (más ann) a ordóidh an Chúirt.

(3) Féadfaidh sé a bheith sainráite in ordú eatramhach, in ordú idirbhreitheach nó in ordú diúscartha go bhfuil feidhm aige maidir leo seo a leanas—

- (a) aon bhrabús, gnóchan nó ús,
- (b) aon díbhinn nó íocaíocht eile, nó
- (c) aon chistí eile,

is iníoctha nó a eascraíonn, tar éis an t-ordú a dhéanamh, i dtaca le haon chistí eile lena mbaineann an t-ordú.

18.—(1) Aon ráiteas a dhéanfaidh comhalta den Gharda Síochána—

Fianaise agus imeachtaí a bhaineann le horduithe eatramhacha agus le horduithe eile.

- (a) in imeachtaí faoi *alt 14*, trí mhionnscribhinn, nó, má ordaíonn an Ard-Chúirt amhlaidh, i bhfianaise béil, nó
- (b) in imeachtaí faoi *alt 15*, i bhfianaise béil,

go creideann sé nó sí go bhfuil cistí i seilbh nó faoi rialú ag an bhfreagróir, ar cistí iad atá á n-úsáid, nó a bhféadfaí é a bheith ar intinn iad a úsáid, chun cion faoi *alt 6* nó *13* a dhéanamh, nó chun an céanna a éascú, beidh sé ina fhianaise ar an ní más deimhin leis an gCúirt go bhfuil forais réasúnacha ann leis an tuairim sin a bheith aige nó aici.

Cd.4 A.18

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

(2) Is é an caighdeán cruthúnais is gá chun aon cheist a eascróidh faoi *alt 14, 15, 16, 17, 19* nó *20* a chinneadh an caighdeán is infheidhme in imeachtaí sibhialta.

(3) Déanfar imeachtaí faoi *alt 14* i ndáil le hordú eatramhach a éisteacht ar shlí eile seachas go poiblí agus féadfar aon imeachtaí faoi *alt 15, 16, 17* nó *19*, má iarrann an freagróir nó aon pháirtí eile sna himeachtaí (seachas an t-iarratasóir) go ndéanfar amhlaidh, agus más cuí leis an gCúirt é, a éisteacht ar shlí eile seachas go poiblí.

(4) Féadfaidh an Chúirt a thoirmeasc, más cuí léi déanamh amhlaidh, cibé faisnéis a fhoilsiú a chinnfidh sí i ndáil le himeachtaí faoi *alt 14, 15, 16, 17* nó *19*, lena n-airítear faisnéis i ndáil leo seo a leanas—

- (a) iarratais ar orduithe, orduithe a dhéanamh nó a dhiúltú, agus a bhfuil in orduithe, faoi aon cheann de na hailt sin, agus
- (b) na daoine lena mbaineann na horduithe sin.

Cúiteamh.

19.—(1) Féadfar iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú faoin alt seo a dhéanamh, más rud é—

- (a) go n-urscaoiltear ordú eatramhach nó go dtéann sé as feidhm agus nach ndéantar ordú idirbhreitheach i ndáil leis an ní nó, má dhéantar ordú idirbhreitheach, go n-urscaoiltear é (seachas de bhun *alt 14(11)*),
- (b) go ndéantar ordú idirbhreitheach a urscaoileadh (seachas de bhun *alt 15(12)*) nó go dtéann sé as feidhm agus nach ndéantar ordú diúscartha i ndáil leis an ní nó, má dhéantar ordú diúscartha, go n-urscaoiltear é, nó
- (c) go n-athraítear ordú eatramhach nó ordú idirbhreitheach (seachas de bhun *alt 14(11)* nó *15(12)*) nó go ndéantar ordú diúscartha a athrú ar achomharc.

(2) Ar iarratas faoi *fho-alt (1)* ó dhuine a dheimhneoidh don Chúirt—

- (a) gurb é nó í an duine úinéir na gcistí—
 - (i) lenar bhain ordú eatramhach dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*,
 - (ii) lenar bhain ordú idirbhreitheach dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)*,
 - (iii) lenar bhain ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)*, ach ar scoir sé, de bhíthin cúirt é d'athrú, de bhaint leo, agus
- (b) nach bhfuil na cistí á n-úsáid ná nach bhfuil sé ar intinn iad a úsáid chun cion faoi *alt 6* nó *13* a dhéanamh nó chun an céanna a éascú,

féadfaidh an Chúirt cibé cúiteamh (más ann) is iníoctha ag an Aire Airgeadais agus is dóigh léi is cóir sna himthosca a dhámhachtain

don duine i leith aon chailteanais a thabhaigh an duine de bhíthin an ordaithe lena mbaineann.

(3) Tabharfar fógra don Aire Airgeadais faoi aon imeachtaí faoin alt seo agus beidh sé nó sí i dteideal éisteacht a fháil sna himeachtaí sin.

20.—Chun críocha na Coda seo, beidh feidhm ag ailt 6, 7 agus 9 go 15 d’Acht 1996 fairis na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá amhail is dá mba faoi Acht 1996 a dhéanfaí ordú eatramhach, ordú idirbhreitheach nó ordú diúscartha a rinneadh faoin gCuid seo, nó iarratas ar ordú den sórt sin: Feidhm forálacha áirithe d’Acht 1996.

(a) déanfar tagairt in aon cheann d’fhorálacha infheidhme Acht 1996 d’iarratasóir a fhorléiriú mar thagairt don chomhalta den Gharda Síochána a rinne iarratas chun na hArd-Chúirte ar an ordú eatramhach, ar an ordú idirbhreitheach nó ar an ordú diúscartha;

(b) déanfar aon tagairt in aon cheann d’fhorálacha infheidhme Acht 1996 do fhreagróir a fhorléiriú mar a mhínítear in *alt 12* den Acht seo;

(c) déanfar aon tagairt in aon cheann d’fhorálacha infheidhme Acht 1996 do mhaoin a fhorléiriú mar thagairt do chistí.

21.—Leasaítear alt 3 d’Acht 1994 mar a leanas:

Leasú ar alt 3 d’Acht 1994.

(a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2005’ an *tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005*”;

(b) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “ordú coigistíochta”:

“ciallaíonn ‘ordú coigistíochta’ ordú arna dhéanamh faoi alt 4(4), 8A(5) nó 9(1) den Acht seo”;

(c) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “cosantóir”:

“ciallaíonn ‘cosantóir’, chun críocha aon fhorála den Acht seo a bhaineann le coigistiú, agus faoi réir alt 23(2)(a) den Acht seo, duine a mbeidh imeachtaí tionscanta ina choinne mar gheall ar an gcion iomchuí gáinneála ar dhruaí, ar an gcion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta nó mar gheall ar an gcion eile”;

(d) i bhfo-alt (1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘cistí’ an bhrí a thugtar le *halt 12 d’Acht 2005*”;

“tá le ‘cistí atá faoi réir a gcoigistithe’ an bhrí a thugtar le *halt 8A(2)* den Acht seo”;

“ciallaíonn ‘cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta’ cion faoi *alt 13 d’Acht 2005*”;

“ciallaíonn ‘fáltais’, i ndáil le cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, aon chistí arna ndíorthú ón gcion sin a dhéanamh nó arna bhfáil, go díreach nó go neamhdhíreach, tríd an gcion sin a dhéanamh, lena n-áirítear íocaíochtaí agus luaíochtaí;”;

- (e) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíne ar “maoin”:

“folaíonn ‘maoin’ airgead agus gach maoin eile, réadach nó pearsanta, inoidhrithe nó sochorraithe, lena n-áirítear ábhair i gcaingeán agus maoin dholáimhsithe nó neamhchorprach eile agus, i ndáil le cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, folaíonn sé cistí;”;

- (f) i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘luach na gcistí atá faoi réir a gcoigistithe’ an bhrí a thugtar le halt 8B(1) den Acht seo;”;

- (g) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(9A) Chun críocha fhorálacha an Achta seo maidir le cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, tiocfaidh bronnantas (lena n-áirítear bronnantas arna thabhairt roimh thosach feidhme alt 8A den Acht seo) faoi réim an Achta seo más rud é—

- (a) go ndearna an cosantóir é aon tráth ó thosach tréimhse 6 bliana dar chríoch an tráth a tionscnaíodh imeachtaí i leith an chiona sin i gcoinne an chosantóra, nó
- (b) go ndearna an cosantóir é aon tráth agus gur bhronntanas maoiné—
 - (i) a fuair an cosantóir i dtaca le cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta a rinne an cosantóir nó duine eile, nó
 - (ii) arbh ionannas dó, go hiomlán nó go páirteach, go díreach nó go neamhdhíreach i lámha an chosantóra cistí a fuair an cosantóir i dtaca le cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta.”;

- (h) i bhfo-alt (16)(g), trí “iarratas faoi alt 7, 8D nó 13 den Acht seo” a chur in ionad “iarratas faoi alt 7 nó 13 den Acht seo”;

- (i) i bhfo-alt (16)(h), trí “iarratas faoi alt 8, 8E nó 18 den Acht seo” a chur in ionad “iarratas faoi alt 8 nó 18 den Acht seo”.

22.—Leasaítear Cuid II d’Acht 1994 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8:

Leasú ar Chuid II d’Acht 1994 — ailt nua 8A go 8E.

“Orduithe coigistíochta a bhaineann le cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta.

8A.—(1) I gcás go gcuirfidh cúirt pianbhreith ar dhuine, nó go ndéileálfadh cúirt le duine ar shlí eile i leith cion amháin nó níos mó arb éard é nó iad maoiniú sceimhlitheoireachta agus ar ciontaíodh an duine sin ina leith, féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh, nó a chur faoi deara iarratas a dhéanamh, chun na cúirte chun go gcinneadh an chúirt an sealbhaíonn an duine ciontaithe cistí atá faoi réir a gcoigistithe.

(2) Chun críocha an Achta seo, is éard iad cistí atá faoi réir a gcoigistithe—

(a) cistí a úsáidtear, nó atá arna leithroinnt lena n-úsáid, i dtaca le cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, nó

(b) cistí ar fáiltais iad as cion den sórt sin.

(3) Féadfar iarratas faoi fho-alt (1) den alt seo a dhéanamh ag deireadh na n-imeachtaí ina gcuirtear pianbhreith ar an duine nó ina ndéileáiltear leis ar shlí eile nó tráth is faide anonn sna himeachtaí.

(4) Ní dhéanfar iarratas faoi fho-alt (1) den alt seo mura dealraitheach don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go sealbhaíonn an duine atá i gceist cistí atá faoi réir a gcoigistithe.

(5) I gcás go gcinneadh an chúirt go sealbhaíonn an duine atá i gceist cistí atá faoi réir a gcoigistithe, maidir leis an gcúirt—

(a) déanfaidh sí an méid a bheidh le gnóthú i gcás an duine sin de bhua an ailt seo a chinneadh de réir alt 8C den Acht seo, agus

(b) déanfaidh sí ordú coigistíochta faoin alt seo lena gceanglaítear ar an duine an méid sin a íoc.

(6) Is é an caighdeán cruthúnais is infheidhme in imeachtaí sibhialta an caighdeán is gá chun ceist a éascraíonn faoin Acht seo maidir leis an méid seo a leanas a chinneadh, eadhon—

(a) an sealbhaíonn duine cistí atá faoi réir a gcoigistithe, agus

(b) an méid a bheidh le gnóthú i gcás an duine sin de bhua an ailt seo.

Measúnú a dhéanamh ar luach na gcistí atá faoi réir a gcoigistithe.

8B.—(1) Chun críocha an Achta seo, is é luach na gcistí atá faoi réir a gcoigistithe comhiomlán luachanna na gcistí sin a shealbhaíonn an cosantóir.

(2) D'fhonn measúnú a dhéanamh ar luach na gcistí atá faoi réir a gcoigistithe, déanfaidh an chúirt na toimhdeana seo a leanas faoi réir fho-alt (3) den alt seo:

- (a) go ndearna an cosantóir, maidir le haon chistí ar dealraitheach don chúirt—
 - (i) gur shealbhaigh an cosantóir iad tráth ar bith ó thráth an chiontaithe, nó
 - (ii) gur aistríodh iad chuig an gcosantóir tráth ar bith ó thosach na tréimhse sé bliana dar chríoch an tráth a tionscnaíodh na himeachtaí in aghaidh an chosantóra,

iad a fháil nó a bhailiú, an tráth is luaithe ar dealraitheach don chúirt gur shealbhaigh an cosantóir iad, lena n-úsáid (cibé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh iad) i dtaca leis an gcion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta nó mar na fáiltais ón gcion sin;

- (b) go ndearnadh aon chaiteachas de chuid an chosantóra ó thosach na tréimhse sin a íoc as cistí atá faoi réir a gcoigistithe;
- (c) go ndéanann an cosantóir na cistí atá faoi réir a gcoigistithe a shealbhú saor ó aon leasanna eile iontu.

(3) Ní dhéanfaidh an chúirt toimhde a leagtar amach i bhfo-alt (2) den alt seo, más rud é—

- (a) go suífear go bhfuil an toimhde sin mícheart i gcás an chosantóra, nó
- (b) gur deimhin leis an gcúirt go mbeadh baol tromáí éigeartais ann sa chás sin dá ndéanfaí an toimhde.

(4) I gcás nach ndéanfaidh an chúirt ceann amháin nó níos mó de na toimhdeana a leagtar amach i bhfo-alt (2) den alt seo a fheidhmiú, déanfaidh sí a cúiseanna a lua.

(5) D'fhonn measúnú a dhéanamh ar luach na gcistí atá faoi réir a gcoigistithe i gcás go ndearnadh ordú coigistíochta roimhe sin in aghaidh an chosantóra, ní dhéanfaidh an chúirt aon chistí de chuid an chosantóra sin is cistí atá faoi réir a gcoigistithe a chur i gcuntas, ar cistí iad a suífear don chúirt gur cuireadh i gcuntas iad le linn an méid a bheidh le gnóthú faoin ordú coigistíochta a chinneadh.

An méid a bheidh le gnóthú faoi ordú coigistíochta a dhéanfar faoi alt 8A.

8C.—(1) Faoi réir fho-alt (2) den alt seo, i gcás go mbeidh ordú coigistíochta déanta faoi alt 8A den Acht seo, beidh an méid a bheidh le gnóthú faoin ordú comhionann leis an méid a measúnóidh an chúirt gurb é luach na gcistí de chuid an chosantóra is cistí atá faoi réir a gcoigistithe é.

(2) Más deimhin leis an gcúirt gur lú an méid a d'fhéadfaí a réadú an tráth a dhéanfar an t-ordú coigistíochta ná an méid a measúnóidh an chúirt gurb é luach na gcistí de chuid an chosantóra is cistí atá faoi réir a gcoigistithe é, is é an méid a bheidh le gnóthú i gcás an chosantóra faoin ordú coigistíochta an méid ar dealraitheach don chúirt gurb é an méid a d'fhéadfaí a réadú amhlaidh é.

Athmheas i dtaobh an sealbhaíonn an cosantóir cistí atá faoi réir a gcoigistithe.

8D.—(1) Tá feidhm ag an alt seo i gcás go mbeidh iarratas déanta roimhe sin chun na cúirte faoi alt 8A den Acht seo agus gur chinn an chúirt nár shealbhaigh an cosantóir cistí atá faoi réir a gcoigistithe.

(2) Féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh, nó a chur faoi deara iarratas a dhéanamh, chun na cúirte chun fianaise a bhreithniú—

(a) nár bhreithnigh an chúirt le linn an cinneadh dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo a dhéanamh, agus

(b) is fianaise a gcreideann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ina leith, dá mbreithneofaí í, go dtabharfadh sí ar an gcúirt a chinneadh gur shealbhaigh an cosantóir cistí atá faoi réir a gcoigistithe.

(3) Más rud é, tar éis an fhianaise a bhreithniú, gur deimhin leis an gcúirt go gcinneadh sí, dá mbeadh an fhianaise sin ar fáil di, gur shealbhaigh an cosantóir cistí atá faoi réir a gcoigistithe—

(a) déanfaidh an chúirt—

(i) cinneadh nua i dtaobh an sealbhaíonn an cosantóir cistí atá faoi réir a gcoigistithe, agus

(ii) cinneadh faoi alt 8A(5) den Acht seo i dtaobh an mhéid a bheidh le gnóthú de bhua an ailt sin,

agus

(b) féadfaidh an chúirt ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 8A(5) den Acht seo.

(4) Le linn iarratas a bhreithniú faoin alt seo, féadfaidh an chúirt aon chistí arna sealbhú ag an gcosantóir ar dháta an chinnidh dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo nó dá éis a chur i gcuntas,

ach sin sa chás amháin go súfidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go mbaineann na cistí le cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta a rinne an cosantóir nó duine eile an dáta sin nó roimhe.

(5) Le linn don chúirt aon fhianaise a bhreithniú faoin alt seo a bhaineann le haon chistí a bhfuil feidhm ag fo-alt (4) maidir leo, ní dhéanfaidh an chúirt na toimhdeana a cheanglófaí thairis sin faoi alt 8B den Acht seo.

(6) Ní thabharfaidh an chúirt aird ar aon iarratas faoin alt seo má dhéantar é tar éis dheireadh na tréimhse sé bliana dar thosach an dáta a ciontaíodh an cosantóir.

Measúnú
athmheasta ar
chistí atá faoi
réir a
gcoigistithe.

8E.—(1) Tá feidhm ag an alt seo i gcás go mbeidh cinneadh déanta ag cúirt (dá ngairtear ‘an cinneadh reatha’ san alt seo) faoi alt 8A(5) den Acht seo maidir leis an méid a bheidh le gnóthú i gcás áirithe de bhua an ailt sin.

(2) I gcás gurb é tuairim an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí gur mhó fíorluach chistí an chosantóra, is cistí atá faoi réir a gcoigistithe, ná a luach measúnaithe, féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh, nó a chur faoi deara é a dhéanamh, chun na cúirte go ndéanfaidh an chúirt breithniú ar an bhfianaise ar ar thángthas ar an tuairim sin.

(3) I bhfo-ailt (2) agus (4) den alt seo—

ciallaíonn ‘luach measúnaithe’ luach chistí an chosantóra is cistí atá faoi réir a gcoigistithe de réir mar a bheidh sé measúnaithe ag an gcúirt faoi alt 8C(1) den Acht seo;

ciallaíonn ‘fíorluach’ luach chistí an chosantóra is cistí atá faoi réir a gcoigistithe agus a bhaineann le cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta a rinneadh sa tréimhse ar faoina treo a rinneadh an cinneadh reatha nó in aon tréimhse is luaithe.

(4) Más rud é, tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise, gur deimhin leis an gcúirt gur mó fíorluach chistí an chosantóra is cistí atá faoi réir a gcoigistithe ná a luach measúnaithe (cibé acu toisc gurbh airde a bhfíorluach tráth an chinnidh reatha ná mar a ceapadh nó toisc gur tháinig méadú ar luach na gcistí atá faoi réir a gcoigistithe dá éis sin), déanfaidh an chúirt cinneadh nua faoi alt 8A(5) den Acht seo i dtaobh an mhéid a bheidh le gnóthú de bhua an ailt sin.

(5) Aon chinneadh faoi alt 8A(5) den Acht seo de bhua an ailt seo, is faoi threo a tháinig an mhéid a d’fhéadfaí a réadú an tráth a dhéanfar an cinneadh a bheidh sé.

(6) Maidir le haon chinneadh faoi alt 8A(5) den Acht seo de bhua an ailt seo, ní bheidh feidhm ag

alt 8B(5) den Acht seo i ndáil le haon cheann de chistí an chosantóra is cistí atá faoi réir a gcoigistithe agus a cuireadh i gcuntas i leith an chinnidh reatha.

(7) I ndáil le cinneadh faoi alt 8A(5) den Acht seo de bhua an ailt seo—

- (a) beidh éifeacht le halt 3(2) den Acht seo amhail is dá gcuirfí ‘a dhéanfar an cinneadh’ in ionad ‘a dhéanfar ordú coigistíochta in aghaidh an chosantóra’,
- (b) beidh éifeacht le halt 3(8)(a) den Acht seo amhail is dá gcuirfí ‘roimh an gcinneadh’ in ionad ‘roimh an ordú coigistíochta’, beidh éifeacht le halt 3(8)(b) amhail is dá gcuirfí ‘an chinnidh’ in ionad ‘an ordaithe coigistíochta’ agus beidh éifeacht le halt 10(5)(a) agus 12(4) amhail is dá gcuirfí ‘a dhéanfar an cinneadh’ in ionad ‘a dhéanfar an t-ordú coigistíochta’, agus
- (c) beidh éifeacht le halt 8C(2) den Acht seo amhail is dá gcuirfí ‘a dhéanfar an cinneadh’ in ionad ‘a dhéanfar an t-ordú coigistíochta’.

(8) Féadfaidh an chúirt aon chistí a shealbhaíonn an cosantóir ar dháta an chinnidh reatha, nó dá éis, a chur i gcuntas, ach sin sa chás amháin go suífidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go mbaineann na cistí le cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta a rinne an cosantóir nó duine eile roimh an dáta sin.

(9) Le linn aon fhianaise a bhreithníú a bhaineann le haon chistí a bhfuil feidhm ag fo-alt (8) maidir leo, ní dhéanfaidh an chúirt na toimhdeana a cheanglófaí thairis sin le halt 8B den Acht seo.

(10) Más rud é, mar thoradh ar an gcinneadh nua a dhéanamh a cheanglaítear le fo-alt (4) den alt seo, gur mó an méid a bheidh le gnóthú ná an méid a bheidh socraithe leis an gcinneadh reatha, féadfaidh an chúirt cibé méid is mó a mheasann sí a bheith cóir in imthosca uile an cháis a chur in ionad an mhéid a bheidh le gnóthú faoin ordú coigistíochta a rinneadh faoi threoir an chinnidh reatha.

(11) Ní thabharfaidh an chúirt aird ar iarratas faoin alt seo má dhéantar é tar éis dheireadh na tréimhse sé bliana dar thosach an dáta a ciontaíodh an cosantóir.”.

CD.4

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

Leasú ar alt 9
d'Acht 1994.

23.—Leasaítear alt 9 d'Acht 1994 mar a leanas:

- (a) i bhfo-alt (1), trí “, seachas cion gáinneála ar dhrugaí nó cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta,” a chur in ionad “, seachas cion gáinneála ar dhrugaí,”
- (b) i bhfo-alt (2), trí “(nach cion gáinneála ar dhrugaí ná cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta)” a chur in ionad “(nach cion gáinneála ar dhrugaí),” agus
- (c) i bhfo-alt (4), trí “, seachas cion gáinneála ar dhrugaí nó cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta,” a chur in ionad “seachas cion gáinneála ar dhrugaí”.

Leasú ar alt 10
d'Acht 1994.

24.—Leasaítear alt 10 d'Acht 1994 mar a leanas:

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (a leasaíodh le halt 27 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1999):

“(1) Más rud é go nglacann cosantóir go feadh aon mhéid le líomhain i ráiteas—

- (a) a thairgfídh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó a thairgfear thar a cheann do chúirt a bheidh ag gabháil do chinneadh faoi alt 4 den Acht seo i dtaobh ar thairbhígh duine as gáinneáil ar dhrugaí nó maidir le haon mhéid a bheidh le gnóthú de bhua an ailt sin nó do chúirt a bheidh ag breithniú iarratais faoi alt 7, 8, 8A, 8D, 8E nó 9 den Acht seo, agus

- (b) a bhaineann le haon ní is iomchuí maidir leo seo a leanas—

- (i) cinneadh, maidir leis an gcosantóir—

- (I) i gcás ciontú mar gheall ar chion gáinneála ar dhrugaí, i dtaobh ar thairbhígh sé as gáinneáil ar dhrugaí,

- (II) i gcás ciontú mar gheall ar chion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, i dtaobh an sealbhaíonn sé cistí atá faoi réir a gcoigistithe, nó

- (III) i gcás ciontú mar gheall ar chion seachas cion gáinneála ar dhrugaí nó cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, i dtaobh ar thairbhígh sé mar a luaitear in alt 9(4) den Acht seo,

nó

- (ii) measúnú a dhéanamh ar luach fháltais an chosantóra as gáinneáil ar dhrugaí, luach na gcistí atá faoi réir a gcoigistithe nó luach shochair an chosantóra mar a luaitear in alt 9(4) den Acht seo, de réir mar a bheidh,

féadfaidh an chúirt, chun críocha an chinnidh nó an mheasúnaithe sin, déileáil le glacadh an chosantóra mar ghlacadh dochloíte i leith na nithe lena mbaineann sé.”;

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Aon chosantóir a mhainneoidh, ar aon bhealach, ceanglas faoi fho-alt (3) den alt seo a chomhlíonadh, féadfar a mheas maidir leis, chun críocha an ailt seo, go nglacann sé le gach líomhain sa ráiteas seachas—

(a) aon líomhain ar ina leith a chomhlíon an cosantóir an ceanglas, agus

(b) aon líomhain—

(i) i gcás ciontú mar gheall ar chion nó ar chionta gáinneála ar dhruaí, gur thairbhigh an cosantóir as gáinneáil ar dhruaí nó go bhfuair an cosantóir aon íocaíocht nó luaíocht i dtaca le gáinneáil ar dhruaí a sheol an cosantóir nó duine eile,

(ii) i gcás ciontú mar gheall ar chion amháin nó níos mó arb éard é nó iad maoiniú sceimhlitheoireachta, go sealbhaíonn an cosantóir cistí atá faoi réir a gcoigistithe, nó

(iii) i gcás ciontú mar gheall ar chion amháin nó níos mó, seachas cion gáinneála ar dhruaí nó cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, gur thairbhigh an cosantóir as an gcion nó go bhfuarthas maoin ón gcosantóir mar thoradh ar chion a dhéanamh nó i dtaca leis an gcéanna.”;

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):

“(8) Maidir le haon ghlacadh ag an gcosantóir faoin alt seo le líomhain—

(a) go bhfuair an cosantóir aon íocaíocht nó luaíocht eile i dtaca le gáinneáil ar dhruaí a sheol an cosantóir nó duine eile,

(b) go sealbhaíonn an cosantóir cistí atá faoi réir a gcoigistithe, nó

(c) gur thairbhigh an cosantóir as cion seachas cion gáinneála ar dhruaí nó cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta,

ní bheidh sé inghlactha i bhfianaise in aon imeachtaí i leith ciona.”.

25.—Leasaítear alt 11(1) d’Acht 1994 (a cuireadh isteach le halt 28 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1999) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b): Leasú ar alt 11 d’Acht 1994.

CD.4 A.25

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

“(b) i gcás go mbeidh iarratas déanta chuig cúirt faoi alt 7, 8, 8A, 8D, 8E nó 9 den Acht seo.”.

Leasú ar alt 12 d’Acht 1994.

26.—Leasaítear alt 12 d’Acht 1994 mar a leanas:

(a) i bhfo-alt (1), trí “(ach ní nuair a bheidh sí ag breithniú an ndéanfaidh sí ordú den sórt sin faoi alt 4 nó 8A den Acht seo)” a chur in ionad “(ach ní nuair a bheidh sí ag breithniú an ndéanfaidh sí ordú den sórt sin faoi alt 4 den Acht seo)”;

(b) i bhfo-alt (4), trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) (i gcás ciontú mar gheall ar chion amháin nó níos mó arb éard é nó iad maoiniú sceimhlitheoireachta) luach chistí an chosantóra is cistí atá faoi réir a gcoigistithe, nó

(c) (i gcás ciontú mar gheall ar chion nó ar chionta seachas cion gáinneála ar dhruaí nó cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta) luach shochar an chosantóra ón gcion nó ó na cionta ar ina leith a fhéadfar an t-ordú a dhéanamh.”.

Leasú ar alt 13 d’Acht 1994.

27.—Leasaítear alt 13 d’Acht 1994 mar a leanas:

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Féadfaidh an Ard-Chúirt cumhachtaí cúirte faoi alt 4, 8A nó 9 den Acht seo a fheidhmiú chun ordú coigistíochta a dhéanamh in aghaidh an chosantóra i gcás ciontú mar gheall ar chion gáinneála ar dhruaí, cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta nó cion seachas cion gáinneála ar dhruaí nó cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, más rud é—

(a) go n-iarrfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar an Ard-Chúirt dul ar aghaidh faoin alt seo, agus

(b) gur deimhin leis an Ard-Chúirt go bhfuil an cosantóir tar éis bás a fháil nó tar éis éalú.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Féadfaidh an Ard-Chúirt cumhachtaí cúirte faoi alt 4, 8A nó 9 den Acht seo a fheidhmiú chun ordú coigistíochta a dhéanamh in aghaidh an chosantóra, más rud é—

(a) go mbeidh na himeachtaí iomchuí tionscanta i leith ciona gáinneála ar dhruaí, ciona arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta nó ciona seachas cion gáinneála ar dhruaí nó cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta,

(b) go n-iarrfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar an Ard-Chúirt dul ar aghaidh faoin alt seo, agus

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta)*, 2005.

CD.4 A.27

(c) gur deimhin leis an Ard-Chúirt go bhfuil an cosantóir tar éis éalú.”;

(c) i bhfo-alt (6), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) ní bheidh feidhm ag ailt 5(2), 8B(2), 10(3), agus 10(4) den Acht seo.”.

28.—Leasaítear alt 17 d’Acht 1994 mar a leanas:

Leasú ar alt 17 d’Acht 1994.

(a) i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) maidir le luach na nithe seo a leanas de chuid an chosantóra—

(i) na fáltais as gáinneáil ar dhruaí,

(ii) na cistí atá faoi réir a gcoigistithe, nó

(iii) an sochar mar a luaitear in alt 9(4) den Acht seo,

de réir mar a bheidh, sa tréimhse ar faoina treoir a rinneadh an cinneadh atá i gceist (‘an luach bunaidh’), nó”;

(b) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) cinneadh nua a dhéanamh ar luach na nithe seo a leanas de chuid an chosantóra—

(I) na fáltais faoi alt 4 den Acht seo, i gcás ciona gáinneála ar dhruaí,

(II) na cistí atá faoi réir a gcoigistithe faoi alt 8A den Acht seo, i gcás ciona arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, agus

(III) an sochar faoi alt 9 den Acht seo, i gcás ciona seachas cion gáinneála ar dhruaí nó cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, agus”;

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Maidir le haon chinneadh faoi alt 8A den Acht seo de bhua an ailt seo, ní bheidh feidhm ag alt 8B(5) i ndáil le haon chistí de chuid an chosantóra is cistí atá faoi réir a gcoigistithe agus a cuireadh i gcuntas le linn an luach bunaidh a chinneadh.”.

29.—Leasaítear alt 18 d’Acht 1994 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

Leasú ar alt 18 d’Acht 1994.

Cd.4 A.29

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

“(1) Beidh éifeacht leis an alt seo i gcás gur lú an méid a ordaítear do dhuine a íoc le hordú coigistíochta ná an méid a measúnaítear gurb é luach na nithe seo a leanas de chuid an duine é—

- (a) na fáltais ó gháinneáil ar dhruaí, i gcás ciona gáinneála ar dhruaí,
- (b) na cistí atá faoi réir a gcoigistithe, i gcás ciona arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, nó
- (c) an sochar a fuarthas ó chion, seachas cion gáinneála ar dhruaí nó cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta.”.

Leasú ar alt 23 d’Acht 1994.

30.—Leasaítear alt 23 d’Acht 1994 mar a leanas:

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Beidh na cumhachtaí a thugtar don Ard-Chúirt le halt 24 den Acht seo infheidhmithe—

(a) más rud é—

- (i) go mbeidh imeachtaí tionscanta sa Stát i gcoinne an chosantóra i leith ciona gáinneála ar dhruaí nó ciona arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta nó ciona indíotáilte (seachas cion gáinneála ar dhruaí nó cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta), nó go mbeidh iarratas déanta i leith an chosantóra faoi alt 7, 8, 8D, 8E, 13 nó 18 den Acht seo,
- (ii) nach mbeidh na himeachtaí nó an t-iarratas tugtha chun críche, agus
- (iii) go mbeidh ordú coigistíochta déanta nó gur dealraitheach don Chúirt go bhfuil forais réasúnacha ann chun a cheapadh go bhféadfar ordú coigistíochta a dhéanamh sna himeachtaí nó, i gcás iarratais faoi alt 7, 8, 8D, 8E, 13 nó 18 den Acht seo, gur deimhin leis an gCúirt i dtaobh na nithe a luaitear in alt 7(3), 8(4), 8D(3), 8E(4), 13(2), 13(4) nó 18(2) den Acht seo,

nó

(b) más rud é—

- (i) gur deimhin leis an gCúirt go bhfuil imeachtaí le tionscnamh i gcoinne duine i leith ciona gáinneála ar dhruaí nó ciona arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta nó ciona ar ina leith a d’fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo nó go bhfuil iarratas de chineál a luaitear i mír (a)(i) den fho-alt seo le déanamh i leith duine, agus

- (ii) gur dealraitheach don Chúirt go bhféadfar ordú coigistíochta a dhéanamh i dtaca leis an gcion nó gur deimhin le cúirt i dtaobh na nithe a luaitear i mír (a)(iii) den fho-alt seo.”,

(b) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) déanfar tagairtí san Acht seo do mhaoin inréadaithe a fhorléiriú amhail is dá mbeadh, díreach roimh an tráth sin, imeachtaí tionscanta i gcoinne an duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b)(i) den alt seo i leith ciona gáinneála ar dhrugaí nó ciona arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta nó ciona ar ina leith a d’fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo.”.

31.—Leasaítear alt 28(3)(a) d’Acht 1994 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii): Leasú ar alt 28 d’Acht 1994.

“(ii) a mbeidh iarratas déanta i leith an chosantóra faoi alt 7, 8, 8D, 8E, 13 nó 18 den Acht seo agus nach mbeidh sé tugtha chun críche, nó”.

32.—Leasaítear alt 32 d’Acht 1994 mar a leanas: Leasú ar alt 32 d’Acht 1994.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9A) (a cuireadh isteach le halt 14 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997):

“(9A) Déanfaidh comhlacht ainmnithe, i ndáil le seoladh a ghnó, bearta a ghlacadh chun déanamh na gcionta seo a leanas a chosc agus a bhrath:

(a) cion faoi alt 31 den Acht seo;

(b) cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta.”;

(b) i bhfo-alt (9B) (a cuireadh isteach le halt 14 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) oiliúint stiúrthóirí, oifigeach eile, agus fostaithe chun a chumasú dóibh idirbhearta a d’fhéadfadh a bheith bainteach le déanamh ciona faoi alt 31 den Acht seo, nó ciona arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, a aithint, agus treoruithe a thabhairt dóibh i dtaobh conas is cóir do stiúrthóir, d’oifigeach eile nó d’fhostaí gníomhú a luaithe a bheidh idirbheart den sórt sin aitheanta aige nó aici.”.

33.—Leasaítear alt 46 d’Acht 1994— Leasú ar alt 46 d’Acht 1994.

(a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

CD.4 A.33 [Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

“(aa) chun cistí a fhreagraíonn do chistí atá faoi réir a gcoigistithe faoin Acht seo a ghnóthú, nó”,

agus

(b) i bhfo-alt (5), trí “faoi alt 4, 8A nó 9 den Acht seo” a chur in ionad “faoi alt 4 nó 9 den Acht seo”.

Leasú ar alt 47 d’Acht 1994. **34.**—Leasaítear alt 47(5) d’Acht 1994 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(bb) cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, nó”.

Leasú ar alt 55 d’Acht 1994. **35.**—Leasaítear alt 55 d’Acht 1994 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Beidh feidhm ag alt 63 den Acht seo amhail is—

(a) dá bhfolódh tagairtí san alt sin do gháinneáil ar dhruaí aon iompar is cion faoi dhlí tíre nó críche lasmuigh den Stát agus arb éard é gáinneáil ar dhruaí dá mba sa Stát a tharlódh an t-iompar,

(b) dá bhfolódh tagairtí san alt sin do chion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta aon iompar is cion faoi dhlí tíre nó críche lasmuigh den Stát agus arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta dá mba sa Stát, nó sna himthosca dá dtagraítear in *alt 13(6) d’Acht 2005*, a tharlódh an t-iompar, agus

(c) dá bhfolódh tagairtí san alt sin do chion ar ina leith a d’fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo aon iompar is cion faoi dhlí tíre nó críche lasmuigh den Stát agus arb éard é cion ar ina leith a d’fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo dá mba sa Stát a tharlódh an t-iompar.”.

Leasú ar alt 57 d’Acht 1994. **36.**—Leasaítear alt 57 d’Acht 1994 mar a leanas:

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Aon duine nó comhlacht lena mbaineann alt 32 den Acht seo (lena n-áirítear stiúrthóir, oifigeach nó fostaí de chuid an duine nó an chomhlachta sin) agus a mbeidh drochamhras air go bhfuil—

(a) cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, nó

(b) cion faoi alt 31 nó 32 den Acht seo,

déanta nó á dhéanamh i ndáil le gnó an duine nó an chomhlachta sin, déanfaidh sé an drochamhras sin a thuairisciú don Gharda Síochána agus do na Coimisinéirí Ioncaim.”;

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Aon duine—

- (a) ar a bhfuil an cúram faoin dlí maoirseacht a dhéanamh ar dhuine nó ar chomhlacht lena mbaineann alt 32 den Acht seo, agus
- (b) a mbeidh drochamhras air go bhfuil cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta nó cion faoi alt 31 nó 32 den Acht seo déanta nó á dhéanamh ag an duine nó ag an gcomhlacht sin,

déanfaidh sé an drochamhras sin a thuairisciú don Gharda Síochána agus do na Coimisinéirí Ioncaim.”;

- (c) i bhfo-alt (7)(b), trí “bainteach le cion gáinneála ar dhrugaí, cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta nó cion ar ina leith a d’fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo a imscrúdú nó a ionchúiseamh” a chur in ionad “bainteach le cion gáinneála ar dhrugaí nó cion ar ina leith a d’fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo a imscrúdú nó a ionchúiseamh”.

37.—Leasaítear alt 58 d’Acht 1994 mar a leanas:

Leasú ar alt 58 d’Acht 1994.

- (a) i bhfo-alt (1), trí “i ndáil le himscrúdú ar gáinneáil ar dhrugaí, i dtaobh an sealbhaíonn duine cistí atá faoi réir a gcoigistithe nó i dtaobh ar thairbhígh duine as cion ar ina leith a d’fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh” a chur in ionad “i ndáil le himscrúdú ar gáinneáil ar dhrugaí nó i dtaobh ar thairbhígh duine as cion ar ina leith a d’fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh”, agus
- (b) i bhfo-alt (2), trí “ar nochtadh é is dóigh a dhéanfaidh dochar d’aon imscrúdú a eascróidh as an tuarascáil i dtaobh an ndearnadh cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta nó cion faoi alt 31 nó 32 den Acht seo, beidh sé ciontach i gcion” a chur in ionad “ar nochtadh é is dóigh a dhéanfaidh dochar d’aon imscrúdú a eascróidh as an tuarascáil i dtaobh an ndearnadh cion faoi alt 31 nó 32 den Acht seo, beidh sé ciontach i gcion”.

38.—Leasaítear alt 61(1A) d’Acht 1994 (a cuireadh isteach le halt 17 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998), i mír (a), trí “, alt 27A d’Acht na nArm Tine, 1964 nó *alt 6 d’Acht 2005*” a chur in ionad “nó alt 27A d’Acht na nArm Tine, 1964”.

Leasú ar alt 61 d’Acht 1994.

39.—Leasaítear alt 63 d’Acht 1994 mar a leanas:

Leasú ar alt 63 d’Acht 1994.

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh chun breithimh den Chúirt Dúiche ar ordú faoi fho-alt (2) den alt seo i ndáil le haon ábhar áirithe, nó le hábhar de thuairisc áirithe, chun críche imscrúdú i dtaobh aon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) gáinneáil ar dhrugaí;

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

- (b) cion a dhéanamh arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta;
- (c) cion a dhéanamh faoi alt 31 den Acht seo;
- (d) ar thairbhigh duine as gáinneáil ar dhrugaí;
- (e) an sealbhaíonn duine cistí atá faoi réir a gcoigistithe;
- (f) ar thairbhigh duine as cion ar ina leith a d'fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo.”;

(b) i bhfo-alt (4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann maidir le duine sonraithe—

- (i) gur sheol an duine gáinneáil ar dhrugaí,
- (ii) go ndearna an duine cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta,
- (iii) go ndearna an duine cion faoi alt 31 den Acht seo,
- (iv) gur thairbhigh an duine as gáinneáil ar dhrugaí,
- (v) go sealbhaíonn an duine cistí atá faoi réir a gcoigistithe, nó
- (vi) gur thairbhigh an duine as cion ar ina leith a d'fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo.”.

40.—Leasaítear alt 64 d'Acht 1994 mar a leanas:

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh chun breithimh den Chúirt Dúiche ar bharántas faoin alt seo i ndáil le háitreabh sonraithe chun críche imscrúdú i dtaobh aon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) gáinneáil ar dhrugaí;
- (b) cion a dhéanamh arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta;
- (c) cion a dhéanamh faoi alt 31 den Acht seo;
- (d) ar thairbhigh duine as gáinneáil ar dhrugaí;
- (e) an sealbhaíonn duine cistí atá faoi réir a gcoigistithe;

(f) ar thairbhigh duine as cion ar ina leith a d'fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo.”;

(b) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann maidir le duine sonraithe—

(i) gur sheol an duine gáinneáil ar dhruaí,

(ii) go ndearna an duine cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta,

(iii) go ndearna an duine cion faoi alt 31 den Acht seo,

(iv) gur thairbhigh an duine as gáinneáil ar dhruaí,

(v) go sealbhaíonn an duine cistí atá faoi réir a gcoigistithe, nó

(vi) gur thairbhigh an duine as cion ar ina leith a d'fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo, agus”.

(c) i bhfo-alt (4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b):

“(a) go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann maidir le duine sonraithe—

(i) gur sheol an duine gáinneáil ar dhruaí,

(ii) go ndearna an duine cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta,

(iii) go ndearna an duine cion faoi alt 31 den Acht seo,

(iv) gur thairbhigh an duine as gáinneáil ar dhruaí,

(v) go sealbhaíonn an duine cistí atá faoi réir a gcoigistithe, nó

(vi) gur thairbhigh an duine as cion ar ina leith a d'fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo, agus

(b) go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil ábhar san áitreabh—

(i) a bhaineann leis an duine sonraithe nó leis an méid seo a leanas—

(I) gáinneáil ar dhruaí,

(II) cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta,

Cd.4 A.40

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

(III) cion faoi alt 31 den Acht seo, nó

(IV) cion ar ina leith a d'fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo,

agus

(ii) ar dóigh go mbeadh luach substaintiúil leis (cibé acu leis féin nó i dteannta ábhair eile) maidir leis an imscrúdú ar chun a chríche a dhéantar an t-iarratas, agus

(iii) nach féidir é a shonrú tráth an iarratais, agus”.

Leasú ar alt 65 d'Acht 1994.

41.—Leasaítear alt 65(1) d'Acht 1994 trí “Más rud é go dtionscnaítear imeachtaí i gcoinne duine i leith ciona gáinneála ar dhruaí, ciona arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta, ciona ar ina leith a d'fhéadfaí ordú cúitimh a dhéanamh faoi alt 9 den Acht seo, nó i leith níos mó ná aon cheann amháin d'aon cheann de na cionta sin,” a chur in ionad “Más rud é go dtionscnaítear imeachtaí i gcoinne duine i leith ciona nó cionta gáinneála ar dhruaí nó ciona nó cionta ar ina leith a d'fhéadfaí ordú coigistíochta a dhéanamh ina leith faoi alt 9 den Acht seo”.

Cumhacht chun rialacháin a dhéanamh.

42.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionstraimí—

(a) a ghlacann institiúidí na gComhphobal Eorpach roimh thosach feidhme an ailt seo nó dá éis de réir chonarthaí na gComhphobal sin, agus

(b) arb é an cuspóir atá leo, i dtuairim an Aire Airgeadais, an sceimhlitheoireacht a chomhrac, nó rannchuidiú leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, trí bhearta sriantacha sonracha a ghlacadh, a bheidh dírithe ar dhaoine, ar ghrúpaí nó ar eintitis, chun a gcuid sócmhainní de chineál ar bith a aithint, a bhrath, a chalcadh nó a urghabháil.

(2) Féadfaidh an tAire Airgeadais rialacháin a dhéanamh chun a chumasú lánéifeacht a bheith le forálacha d'ionstraimí lena mbaineann an t-alt seo, lena n-áirítear rialacháin—

(a) lena gceanglaítear faisnéis a nochtadh nó a thuairisciú chun sócmhainní dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)* a aithint nó a bhrath, agus

(b) maidir le calcadh nó urghabháil sócmhainní den sórt sin nó forchur beart sriantach eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)*.

(3) Aon duine a sháróidh ceanglas de chuid rialacháin arna dhéanamh faoi *fho-alt (2)*, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (3)*, dlitear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil—

- (i) fíneáil nach mó ná €10,000,000 nó dhá oiread luach na sócmhainní a ndearnadh an cion ina leith, cibé acu is mó,
- (ii) príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 20 bliain, nó
- (iii) an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin araon, a chur air nó uirthi.

(5) Más rud é, tar éis é nó í a chiontú mar gheall ar chion faoi *fho-alt (3)*, go leanann duine den cheanglas lena mbaineann an cion a shárú, tá an duine ciontach i gcion breise gach lá a leantar den sárú agus, in aghaidh gach ciona den sórt sin, dlitear cibé ceann de na pionóis seo a leanas is infheidhme a chur air nó uirthi:

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,000, má ciontaíodh an duine sa chion faoi *fho-alt (3)* ar chiontú achomair;
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €100,000, má ciontaíodh an duine sa chion faoi *fho-alt (3)* ar díotáil.

(6) Féadfaidh an tAire Airgeadais rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir le cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha is dóigh leis an Aire sin is gá chun éifeacht a thabhairt do rialacháin faoi *fho-alt (2)*.

(7) Aon duine a sháraíonn ceanglas de chuid rialacháin arna dhéanamh faoi *fho-alt (6)*, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlitear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(8) Más rud é, tar éis é nó í a chiontú mar gheall ar chion faoi *fho-alt (7)*, go leanann duine den cheanglas lena mbaineann an cion a shárú, tá an duine ciontach i gcion breise gach lá a leantar den sárú agus, in aghaidh gach ciona den sórt sin, dlitear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,000 a chur air nó uirthi.

CUID 5

NITHE ILGHNÉITHEACHA

43.—(1) Féadfar imeachtaí i leith ciona faoi *alt 6, 9, 10, 11* nó *13(1)* nó *(2)* i ndáil le gníomh a rinneadh lasmuigh den Stát a thionscnamh in aon áit sa Stát agus féadfar déileáil leis an gcion chun gach críche teagmhasaí mar chion a rinneadh san áit sin. Imeachtaí a bhaineann le cionta a rinneadh lasmuigh den Stát.

(2) I gcás go gcúiseofar duine i gcion dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ní fhéadfar aon imeachtaí breise a thionscnamh maidir leis an ábhar (seachas aon athchur i gcoimeád nó faoi bhannaí) ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

(3) Féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí breise a thionscnamh, nó toiliú le himeachtaí breise a thionscnamh, i gcoinne duine i leith ciona maidir le gníomh lena mbaineann *alt 6(1)*,

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

9(1) nó (2), 10(1), (2) nó (3), 11(1) nó (2) nó 13(1) nó (2) agus a dhéantar lasmuigh den Stát sna himthosca dá dtagraítear in *alt 6(3)*, 9(4), 10(5), 11(4) nó 13(7) faoi seach, más deimhin leis nó léi—

- (a) (i) go bhfuil iarraidh déanta, faoi Chuid II den Acht um Eiseachadadh, 1965, chun an duine sin a thabhairt suas d'fhonn é nó í a thriail mar gheall ar chion i leith an ghnímh sin—

(I) i gcás ciona i leith gnímh lena mbaineann *alt 6(1)*, ag aon stát, agus

(II) i gcás ciona i leith gnímh lena mbaineann *alt 9(1) nó (2)*, *10(1), (2) nó (3)*, *11(1) nó (2) nó 13(1) nó (2)*, ag stát is páirtí san ionstraim is infheidhme agus a bheidh ag feidhmiú dlínse de réir na forála iomchuí di,

agus

- (ii) go ndearnadh an iarraidh a dhiúltú go críochnaitheach (cibé acu de thoradh breithe ón gcúirt nó ar shlí eile),

nó

- (b) (i) go bhfuil barántas gabhála Eorpach faighte ó stát eisiúna chun imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an duine mar gheall ar chion i leith an ghnímh sin,

(ii) ach amháin i gcás gnímh lena mbaineann *alt 6(1)*, go bhfuil dlínse á feidhmiú de réir na forála iomchuí den ionstraim is infheidhme, agus

(iii) go bhfuil cinneadh críochnaitheach déanta nár cheart an barántas gabhála Eorpach a fhormhuiniú lena fhorghníomhú sa Stát faoin Acht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003, nó nár cheart an duine a thabhairt suas don stát eisiúna lena mbaineann,

nó

- (c) go bhfuil sé fóirsteanach, mar gheall ar imthosca speisialta (lena n-áirítear dóchúlacht diúltaithe dá dtagraítear i *mír (a)(ii)* nó cinnidh dá dtagraítear i *mír (b)(iii)*, ach gan bheith teoranta do na nithe sin), imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an duine mar gheall ar chion faoi dhlí an Stáit i leith an ghnímh.

(4) I *bhfo-alt (3)*—

ciallaíonn “ionstraim is infheidhme”—

(a) i ndáil le gníomh lena mbaineann *alt 9(1) nó (2)*, an Coinbhinsiún um Ghiolla mar a mhínítear in *alt 8*,

(b) i ndáil le gníomh lena mbaineann *alt 10(1), (2) nó (3)*, an Coinbhinsiún um Buamáil Sceimhlitheoireachta mar a mhínítear in *alt 8*,

(c) i ndáil le gníomh lena mbaineann *alt 11(1) nó (2)*, an Coinbhinsiún um Dhaoine atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta mar a mhínítear in *alt 8*, agus

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

CD.5 A.43

- (d) i ndáil le gníomh lena mbaineann *alt 13(1)* nó (2), an Coinbhinsiún um Maoiniú Sceimhlitheoireachta mar a mhínítear in *alt 12*;

tá le “barántas gabhála Eorpach” agus le “stát eisiúna” na bríonna a thugtar le halt 2 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003;

ciallaíonn “foráil iomchuí”—

- (a) i ndáil leis an gCoinbhinsiún um Ghiolla, Airteagal 5(1),
- (b) i ndáil leis an gCoinbhinsiún um Buamáil Sceimhlitheoireachta, Airteagal 6(1) nó (2),
- (c) i ndáil leis an gCoinbhinsiún um Dhaoine atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta, Airteagal 3(1), agus
- (d) i ndáil leis an gCoinbhinsiún um Maoiniú Sceimhlitheoireachta, Airteagal 7(1) nó (2).

44.—(1) Más rud é, in aon imeachtaí a bhaineann le cion faoin Acht seo, go n-eascraíonn ceist i dtaobh na nithe seo a leanas— Fianaise in imeachtaí faoin Acht.

- (a) an duine atá faoi chosaint idirnáisiúnta duine,
- (b) an saoráid Stáit nó Rialtais de chuid an Stáit thar lear saoráid, nó
- (c) an eagraíocht idirnáisiúnta nó eagraíocht idirnáisiúnta de chineál idir-rialtasach eagraíocht,

aon deimhniú atá sínithe ag an Aire Gnóthaí Eachtracha, nó ag duine atá údaraithe ag an Aire sin, agus ina luaitear aon fhíoras a bhaineann leis an gceist sin, is fianaise é ar an bhfíoras, mura suífear a mhalairt.

(2) In aon imeachtaí a bhaineann le cion faoin Acht seo—

- (a) aon deimhniú atá sínithe ag oifigeach don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ina luaitear—
- (i) gur eisigh an Roinn pas don duine sin ar dháta sonrath, agus
- (ii) de réir mar is fearr is eol don oifigeach agus mar a chreideann sé nó sí, nár scoir an duine de bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach,

is fianaise é go raibh an duine ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach ar an dáta a líomhnaítear go ndearnadh an cion, mura suífear a mhalairt,

- (b) aon deimhniú atá sínithe ag an Ard-Aighne, nó ag duine atá údaraithe aige nó aici, i dtaobh a thuairime nó a tuairime i ndáil le ní a luaitear in *alt 6(6)*, is fianaise é ar an tuairim sin, mura suífear a mhalairt, agus
- (c) aon deimhniú atá sínithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó ag duine atá údaraithe ag an Stiúrthóir sin agus ina luaitear aon cheann de na nithe a shonraítear i *mír*

Cd.5 A.44 [Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

(a), (b) nó (c) d'alt 43(3), is fianaise é ar na fórais atá luaite sa deimhniú, mura suítear a mhalairt.

(3) Measfar, maidir le doiciméad a airbheartaíonn a bheith ina dheimhniú faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, mura suítear a mhalairt—

(a) gur deimhniú den sórt sin é,

(b) gur shínigh an duine é a airbheartaíonn é a bheith sínithe aige nó aici, agus

(c) i gcás deimhniú arna shíniú le húdarás an Aire Gnóthaí Eachtracha, an Ard-Aighne nó an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí gur síníodh é de réir an údaráithe.

Dlíteanas i leith cionta ag comhlachtaí corpraithe.

45.—(1) I gcás cion faoin Acht seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine—

(a) ar stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta sin a bhí ann nó inti, nó

(b) a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin,

an tráth a rinneadh an cion, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú dá réir sin.

(2) Féadfar imeachtaí a thionscnamh i gcoinne duine mar gheall ar chion dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an chomhlachta chorpraithe nó a ciontaíodh an comhlacht corpraithe sa chion a rinne an comhlacht sin.

(3) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta sin, beidh feidhm ag *fo-ailt (1)* agus *(2)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca le feidhmeanna bainistíochta an chomhalta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe an comhalta.

Contúirt dhúbailte.

46.—Ní thionscnofar imeachtaí i gcoinne aon duine a éigiontaíodh nó a ciontaíodh i gcion lasmuigh den Stát mar gheall ar chion faoin Acht seo arb é atá ann na gníomhartha arbh iad an cion ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh an duine ina leith amhlaidh.

Caiteachais.

47.—Déanfar na caiteachais a thabhófar ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

CUID 6

LEASÚ AR ACHTANNA EILE

48.—Leasaítear alt 21(2) d’Acht 1939—

Leasú ar Acht 21
d’Acht 1939.

(a) i mír (a), trí—

(i) “€3,000” a chur in ionad “caoga punt”, agus

(ii) “12 mhí” a chur in ionad “trí mhí”,

agus

(b) i mír (b), trí “fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach sia ná 8 mbliana, nó iad araon” in ionad “príosúnacht ar feadh téarma nach sia ná 7 mbliana”.

49.—Leasaítear Acht 1939 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 21:

Leasú ar Acht 1939
— alt nua 21A.

“Cion arb éard é cúnaimh a sholáthar d’eagraíocht neamhdhleathach.

21A.—(1) Aon duine a dhéanann, go feasach, cúnaimh (lena n-áirítear cúnaimh airgeadais) a thabhairt d’eagraíocht neamhdhleathach, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, le linn cuspóir neamhdhleathach a chomhlíonadh nó a shaothrú, tá sé ciontach i gcion.

(2) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífeair—

(a) ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach sia ná 12 mhí nó iad araon a chur air, nó

(b) ar é a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach sia ná 8 mbliana nó iad araon a chur air.”.

50.—Leasaítear alt 22(a) d’Acht 1939 trí “maoin uile an chóghléasta sin (lena n-áirítear airgead agus gach maoin eile, réadach nó pearsanta, inoidhrithe nó sochorraithe, lena n-áirítear ábhair i gcaingean agus maoin dholáimhsithe nó neamhchorprach eile, lena n-áirítear cistí mar a mhínítear in alt 12 den *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005*)” in ionad “maoin uile an chóghléasta san (pe’ca réalta nó áirnéis-réalta nó pearsanta dhi agus pe’ca ar seilbh nó ar fiunraoi dhi)”.

Leasú ar alt 22
d’Acht 1939.

51.—Leasaítear Acht 1939 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 22:

Leasú ar Acht 1939
— ailt nua 22A go 22I.

“Mínte d’ailt 22B go 22I agus oibriú ailt 22B go 22I.

22A.—(1) Chun críocha ailt 22B go 22I—

ciallaíonn ‘ordú diúscartha’ ordú faoi alt 22C;

ciallaíonn ‘ordú eastramhach’ ordú arna dhéanamh faoi alt 22B;

ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

ní fholáíonn ‘maoin’ airgead a shealbhaítear i mbanc;

ciallaíonn ‘freagróir’—

- (a) duine ar ina leith a rinneadh iarratas ar ordú eatramhach, nó
- (b) duine ar ina leith a rinneadh ordú eatramhach,

agus foláíonn sé duine a thiocfadh, murach an tAcht seo, chun teideal a bheith aige, ar bhás duine dá dtagraítear i mír (a) nó (b), chun aon mhaoine lena mbaineann ordú den sórt sin (ar ordú é a bheidh i bhfeidhm agus ar ordú é i leith an duine sin).

(2) Ní fhorléireofar ailt 22B go 22I ar shlí a theorannóidh ginearáltacht alt 22.

Ordú eatramhach maidir le maoin shonraithe.

22B.—(1) Féadfaidh an tAire iarratas a dhéanamh *ex parte* chun na hArd-Chúirte ar ordú eatramhach faoi fho-alt (2) i leith maoin sonraithe i gcás gurb é tuairim an Aire maidir léi—

- (a) gur maoin í de chuid eagraíochta neamhdhleathaí, cibé acu atá nó nach bhfuil an mhaoin i seilbh nó faoi rialú na heagraíochta sin, agus
- (b) go bhfuil sí arna forghéilleadh don Aire agus arna dílsiú ann de bhua alt 22.

(2) Ar iarratas faoi fho-alt (1), féadfaidh an Chúirt ordú eatramhach a eisiúint lena dtóir mistear ar aon duine díobh seo a leanas an mhaoin a shonraítear san ordú a dhiúscairt nó déileáil léi ar shlí eile nó a luach a laghdú:

- (a) aon duine a mbeidh an mhaoin ina sheilbh nó faoina rialú;
- (b) aon duine a mbeidh fógra faoin ordú aige;
- (c) aon duine eile a bheidh sonraithe san ordú.

(3) Maidir le hordú eatramhach—

- (a) féadfaidh cibé forálacha, coinníollacha agus srianta a bheith ann a mheasfaidh an Chúirt is gá nó is fóirsteanach, agus
- (b) forálfar ann go ndéanfar fógra faoin ordú a thabhairt—

- (i) d'aon duine a bheidh ainmnithe san ordú, agus
- (ii) d'aon duine eile a ndéanann an t-ordú difear dó nó ar dealraitheach go ndéanann an t-ordú difear dó, mura rud é gur deimhin leis an gCúirt nach féidir le réasún a fhionnadh cá bhfuil an duine.

(4) Ar iarratas ón bhfreagróir nó ó aon duine eile a éileoidh gurb é úinéir aon mhaoine a bheidh sonraithe in ordú eatramhach atá i bhfeidhm faoin alt seo, féadfaidh an Chúirt an t-ordú a urscaoileadh nó a athrú, de réir mar is cuí léi, más rud é go suítear chun sástacht na Cúirte nach maoin de chuid eagraíochta neamhdhleathaí an mhaoin.

(5) Ar iarratas tráth ar bith ón Aire, déanfaidh an Chúirt ordú eatramhach a urscaoileadh.

(6) Faoi réir fho-ailt (4) agus (5), leanann ordú eatramhach i bhfeidhm go dtí go mbeidh 12 mhí caite ó dháta a dhéanta agus ansin rachaidh sé as feidhm, mura rud é go ndéantar iarratas ar ordú diúscartha i leith aon mhaoine a bheidh sonraithe san ordú eatramhach a thionscnamh le linn na tréimhse sin.

(7) Má dhéantar iarratas ar ordú diúscartha a thionscnamh laistigh den tréimhse a cheadaítear faoi fho-alt (6), rachaidh an t-ordú eatramhach as feidhm—

- (a) ar an iarratas a chinneadh,
- (b) ar éag don ghnáth-am chun achomharc i gcoinne an chinnidh a thionscnamh, nó
- (c) má thionscnaítear achomharc den sórt sin, ar an achomharc nó aon achomharc breise a chinneadh nó a thréigean, nó ar éag don tréimhse ama chun aon achomharc breise a thionscnamh,

cibé acu is déanaí.

(8) Déanfaidh an freagróir nó an duine eile a bheidh ag déanamh iarratais faoi fho-alt (4) fógra faoin iarratas a thabhairt—

- (a) don Aire, agus
- (b) d'aon duine a n-ordóidh an Chúirt fógra faoin iarratas a thabhairt dó.

(9) Déanfaidh an tAire fógra faoi iarratas faoi fho-alt (5) a thabhairt—

(a) don fhreagróir, mura deimhin leis an gCúirt nach féidir le réasún a fhionnadh cá bhfuil an freagróir, agus

(b) d'aon duine a n-ordóidh an Chúirt fógra faoin iarratas a thabhairt dó.

Ordú diúscartha maidir le maoin shonraithe.

22C.—(1) Faoi réir fho-alt (2), i gcás go raibh ordú eatramhach i bhfeidhm ar feadh 12 mhí ar a laghad i ndáil le maoin shonraithe, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas ón Aire, ordú a dhéanamh lena n-údarófar don Aire an mhaoin a dhiúscairt mar is cuí leis.

(2) Faoi réir fho-alt (4), déanfaidh an Chúirt ordú diúscartha i ndáil le haon mhaoin is ábhar d'iarratas faoi fho-alt (1) mura deimhin léi nach maoin de chuid eagraíochta neamhdhleathaí í an mhaoin.

(3) Déanfaidh an tAire fógra faoi iarratas faoin alt seo a thabhairt—

(a) don fhreagróir mura deimhin leis an gCúirt nach féidir le réasún a fhionnadh cá bhfuil an freagróir, agus

(b) do cibé daoine eile (más ann) a ordóidh an Chúirt.

(4) Sula gcinneadh an Chúirt an ndéanfaidh sí ordú diúscartha faoi fho-alt (1), tabharfaidh sí deis d'aon duine a éilíonn gurb é úinéir na maoine sonraithe éisteacht a fháil ón gCúirt agus cúis a shuíomh le nár cheart an t-ordú a dhéanamh.

(5) Ar iarratas ón bhfreagróir nó, mura féidir a fhionnadh cá bhfuil an freagróir, ar thionscnamh na Cúirte féin, féadfaidh an Chúirt, más cuí léi déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an gceartas, éisteacht iarratais faoi fho-alt (1) a chur ar atráth ar feadh cibé tréimhse nach faide ná 2 bhliain is dóigh léi is réasúnach.

Fo-orduithe agus sochrú i ndáil le brabúis nó gnóchain áirithe, etc.

22D.—(1) Aon tráth le linn d'ordú eatramhach a bheith i bhfeidhm, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas ón Aire, cibé orduithe a dhéanamh a mheasfaidh sí is gá nó is fóirsteanach chun a chumasú lánéifeacht a bheith leis an ordú eatramhach.

(2) Déanfaidh an tAire fógra faoi iarratas faoin alt seo a thabhairt—

(a) don fhreagróir mura deimhin leis an gCúirt nach féidir le réasún a fhionnadh cá bhfuil an freagróir, agus

(b) do cibé daoine eile (más ann) a ordóidh an Chúirt.

(3) Féadfaidh sé a bheith sainráite in ordú eatramhach nó in ordú diúscartha go bhfuil feidhm aige maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) aon bhrabús, gnóchan nó ús,
- (b) aon díbhinn nó íocaíocht eile, nó
- (c) aon mhaoin eile,

is iníoctha nó a eascraíonn, tar éis an t-ordú a dhéanamh, i dtaca le haon mhaoin eile lena mbaineann an t-ordú.

Fianaise. 22E.—(1) Má dhéantar, in aon imeachtaí, doiciméad a thabhairt ar aird i gcúirt a bheidh sínithe ag an Aire agus ina luafar gur mhaoin de chuid eagraíochta neamhdhleathaí, murach oibriú alt 22, an mhaoin a shonraítear sa doiciméad, beidh sé ina fhianaise gur mhaoin de chuid eagraíochta neamhdhleathaí, murach oibriú an ailt sin, an mhaoin shonraithe, mura suífear a mhalairt.

(2) Aon doiciméad a airbheartóidh gur doiciméad de chuid an Aire é faoi fho-alt (1) agus a bheith sínithe ag an Aire, measfar, chun críocha an ailt seo, gur doiciméad den sórt sin é agus go bhfuil sé sínithe amhlaidh mura suífear a mhalairt.

Maoin áirithe a urghabháil. 22F.—(1) I gcás go mbeidh ordú eatramhach nó ordú diúscartha i bhfeidhm, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach custam agus máil aon mhaoin a urghabháil is ábhar don ordú chun cosc a chur leis an maoin a aistriú amach as an Stát.

(2) Déileálfar le maoin a urghabhfar faoin alt seo de réir ordacháin na hArd-Chúirte.

Cúiteamh. 22G.—(1) Féadfar iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú faoin alt seo, más rud é—

- (a) go bhfuil ordú eatramhach urscaoilte nó go dtéann sé as feidhm agus nach bhfuil ordú diúscartha déanta i ndáil leis an ní nó, má tá sé déanta, go bhfuil sé urscaoilte, nó
- (b) go ndéantar ordú eatramhach nó ordú diúscartha a athrú ar achomharc.

(2) Ar iarratas faoi fho-alt (1) ó dhuine a dheimhneoidh don Chúirt gurb é an duine úinéir aon mhaoine—

- (a) lenar bhain ordú eatramhach dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a),
- (b) lenar bhain ordú dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b), ach ar scoir sé, mar gheall ar chúirt é d'athrú, de bhaint a bheith aige leis an maoin,

féadfaidh an Chúirt cibé cúiteamh (más ann) is dóigh léi is cóir sna himthosca agus is cúiteamh a bheidh iníoctha ag an Aire a dhámhachtain don duine i leith aon chailteanais a thabhaigh an duine de bhíthin an ordaithe lena mbaineann.

(3) Tabharfar fógra don Aire i dtaobh aon imeachtaí faoin alt seo agus beidh sé i dteideal éisteacht a fháil sna himeachtaí sin.

Feidhm
forálacha
áirithe d'Acht
1996.

22H.—Chun críocha na Coda seo, beidh feidhm ag ailt 6, 7 agus 9 go 13 d'Acht 1996 fairis na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá amhail is dá mba faoi Acht 1996 a dhéanfaí ordú eatramhach nó ordú diúscartha a rinneadh faoin gCuid seo, nó iarratas ar ordú den sórt sin:

- (a) déanfar tagairt in aon cheann d'fhorálacha infheidhme Acht 1996 d'iarratasóir nó d'Aire a fhorléiriú mar thagairt don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;
- (b) déanfar tagairt in aon cheann d'fhorálacha infheidhme Acht 1996 do fhreagróir a fhorléiriú mar a mhínítear in alt 22A den Acht seo.

Díolúine á
imeachtaí.

22I.—Ní bheidh aon ábhar caingne nó imeachta d'aon chineál ann i gcoinne duine in aon chúirt i leith aon gnímh nó neamhghnímh arna dhéanamh i gcomhlíonadh ordaithe faoi aon cheann d'ailt 22B go 22D agus 22H.”.

Leasú ar alt 38
d'Acht 1939.

52.—Leasaítear alt 38 d'Acht 1939 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis:

“(4) Chun críocha an Achta seo, tá Cúirt Choiriúil Speisialta ar marthain má bunaíodh í faoin alt seo agus má tá líon nach lú ná 3 bhall arna gceapadh faoi alt 39 aici an tráth iomchuí.”.

Leasú ar alt 49
d'Acht 1939.

53.—Leasaítear alt 49 d'Acht 1939 trína athuimhriú mar alt 49(1) agus trí na fo-ailt seo a leanas a chur leis:

“(2) Féadfaidh Cúirt Choiriúil Speisialta, uaithe féin nó ar iarratas ó dhuine intrialte nó ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, triail a bheidh le héisteacht os a comhair a aistriú chuig Cúirt Choiriúil Speisialta eile, ach sin sa chás amháin gurb í breith na chéad Chúirte go rachadh sé chun leasa don cheartas déanamh amhlaidh.

(3) Le linn breith a thabhairt i dtaobh an rachadh sé chun leasa don cheartas triail a aistriú, féadfaidh an Chúirt Choiriúil Speisialta aon tosca is dóigh léi is iomchuí a bhreithniú, lena n-áirítear—

- (a) an rachadh an t-aistriú chun leasa do riaradh dlúsúil an cheartais, agus

(b) an ndéanfadh an t-aistriú dochar don duine intrialte nó do na daoine intrialte nó don ionchúiseamh.

(4) Féadfar triail a aistriú faoin alt seo d'ainneoin go ndearnadh ordú faoi fho-alt (1)(e) i ndáil leis an duine intrialte nó leis na daoine intrialte.

(5) I gcás go mbeidh 2 dhuine intrialte nó níos mó le triail le chéile, beidh feidhm ag breith na Cúirte Coiriúla Speisialta an triail a aistriú i ndáil leo go léir.

(6) Ní dhéanfaidh fo-alt (5) difear do cheart duine intrialte iarratas a dhéanamh ar thriail ar leithligh agus, má dheonaítear an t-iarratas, ansin iarratas a dhéanamh ar an triail sin a aistriú.

(7) Is breith chríochnaitheach neamh-inachomhairc breith na Cúirte Coiriúla Speisialta triail a aistriú.

(8) San alt seo, ciallaíonn ‘duine intrialte’ duine a chuirtear nó a chuirtear ar aghaidh chun trialach chuig Cúirt Choiriúil Speisialta nó a chúisítear os a comhair nó a aistrítear faoin Acht seo chuici.”.

54.—(1) Leasaítear alt 2(1) d’Acht 1985 trí mhír (c) a aisghairm.

Leasú ar alt 2 d’Acht 1985 agus tosach feidhme an ailt sin.

(2) Tagann alt 2 d’Acht 1985 i ngníomh ar dháta rite an Achta seo.

55.—Leasaítear alt 8(2) d’Acht 1985 trí “nó le haon chineál eile maoiné” a chur isteach i ndiaidh “Maidir le hairgead”.

Leasú ar alt 8 d’Acht 1985.

56.—Leasaítear an tAcht Cosanta, 1954 mar a leanas:

Leasú ar an Acht Cosanta, 1954.

(a) in alt 169 (arna leasú le halt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1990), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) I gcás duine a chúisítear faoin alt seo a chiontú i gcion ag armchúirt, seachas i gcion tréasa nó dúnmharaithe, dlífeair pionós a chur air mar a leanas:

(a) más i ndúnorgain a chiontófar é, dlífeair príosúnacht saoil nó aon phionós is ísle ná sin is inghearrtha ag armchúirt a chur air;

(b) más in éigniú, i mbanéigean faoi alt 4 (de réir bhrí an Achta um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990) nó i dtromionsaí gnéasach (de réir bhrí an Achta um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990) a chiontófar é, dlífeair príosúnacht saoil nó aon phionós is ísle ná sin is inghearrtha ag armchúirt a chur air;

(c) más i ngníomh cinédhíothaithe ab inphionós faoin Acht um Chinedhíothú, 1973 a chiontófar é, dlífeair príosúnacht mar a leanas a chur air—

(i) i gcás gurb é atá sa chion marú aon duine, príosúnacht saoil, nó

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

- (ii) in aon chás eile, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná ceithre bliana déag;
- (d) más i gcion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta), 2000 a chiontófar é, dlífead príosúnacht saoil a chur air;
- (e) más i gcion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sábháilteacht Oibrithe na Náisiún Aontaithe), 2000 a chiontófar é, dlífead aon phionós atá ceaptha ag an Acht sin don chion sin nó aon phionós is ísle ná sin is inghearrtha ag armchúirt a chur air;
- (f) más i gcion faoin *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005* a chiontófar é, dlífead aon phionós atá ceaptha ag an Acht sin don chion sin a chur air;
- (g) más in aon chion nach bhfuil sonraithe ar leithligh roimhe seo san alt seo a chiontófar é, agus más cion é is inphionós de réir ghnáthdhlí coiriúil an Stáit i gcás gur sa Stát a dhéanfar é, dlífead, cibé acu sa Stát nó in aon áit eile a rinneadh an cion, aon phionós atá ceaptha ag dlí an Stáit don chion sin a chur air, nó—
 - (i) má tá sé faoin dlí míleata mar oifigeach, é a dhífhostú faoi aithis as Óglaigh na hÉireann nó aon phionós is ísle ná sin is inghearrtha ag armchúirt a chur air, nó
 - (ii) má tá sé faoin dlí míleata mar fhear, príosúnacht ar feadh aon téarma nach faide ná dhá bhliain nó aon phionós is ísle ná sin is inghearrtha ag armchúirt a chur air.”,
- (b) in alt 192(2)(c), trí “nó i gcion faoin *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005*” a chur isteach i ndiaidh “i gcion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sábháilteacht Oibrithe na Náisiún Aontaithe), 2000” (a cuireadh isteach le halt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sábháilteacht Oibrithe na Náisiún Aontaithe), 2000);
- (c) in alt 192(3), trí “ná i gcion faoin *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005*” a chur isteach i ndiaidh “i gcion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sábháilteacht Oibrithe na Náisiún Aontaithe), 2000” (arna chur isteach le halt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sábháilteacht Oibrithe na Náisiún Aontaithe), 2000).

Leasú ar an Acht um Eiseachadh, 1965.

57.—(1) Leasaítear alt 3(1) den Acht um Eiseachadh, 1965 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíneithe ar “cion polaitiúil”:

“ní fholaíonn ‘cion polaitiúil’ aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) Ceann Stáit nó duine dá theaghlach a mharú nó tabhairt faoina mharú;

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta)*, 2005.

CD.6 A.57

- (b) cion atá faoi réim Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha arna dhéanamh i Vín an 20 Nollaig 1988;
- (c) cion atá faoi réim an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Buamáil Sceimhlitheoireachta a Dhíchur arna ghlacadh le rún 52/164 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 15 Nollaig 1997;
- (d) cion atá faoi réim an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Dhíchur arna ghlacadh le rún 54/109 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 9 Nollaig 1999;”.

(2) Leasaítear alt 3 d’Acht 1965 tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “tír” (a cuireadh isteach le halt 47(a) d’Acht 2003) i bhfo-alt (1):

“foláionn ‘tír’—

- (a) áit nó críoch a bhfuil tír, seachas an áit nó an chríoch sin, (go hiomlán nó go páirteach) freagrach as a caidreamh coigríche, agus
- (b) áit nó críoch a bhfuil rialtas tíre, seachas rialtas na háite nó na críche sin, (go hiomlán nó go páirteach) freagrach as a caidreamh coigríche.”.

(3) Leasaítear alt 8 (a leasaíodh le halt 49 d’Acht 2003) d’Acht 1965 trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (1A):

“(1) Más rud é, trí aon chomhaontú nó coinbhinsiún idirnáisiúnta a mbeidh an Stát ina pháirtí ann, go ndéanfar socrú (dá ngairtear comhaontú um eiseachadadh san Acht seo) le tír eile chun go dtabharfaidh an dá thír suas dá chéile daoine a bhfuil lorg orthu lena n-ionchúiseamh nó lena bpionósú nó más deimhin leis an Aire go gcuirfidh tír eile saoráidí cómhálartacha leis an éifeacht sin ar fáil, féadfaidh an tAire Gnóthaí Eachtracha, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, le hordú, an Chuid seo a chur chun feidhme—

- (a) maidir leis an tír sin, nó
- (b) maidir le háit nó críoch a bhfuil an tír sin (go hiomlán nó go páirteach) freagrach as a caidreamh coigríche.

(1A) Más rud é, aon tráth tar éis ordú faoi fho-alt (1) a dhéanamh, go dtagann tír chun bheith ina páirtí i gcomhaontú um eiseachadadh lena mbaineann an t-ordú sin, féadfaidh an tAire Gnóthaí Eachtracha, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, le hordú, é sin a dhearbhu, agus beidh feidhm ag an gCuid seo, ar an dara hordú a luaitear a dhéanamh—

- (a) maidir leis an tír sin, nó
- (b) má tháinig an tír sin chun bheith ina páirtí sa chomhaontú um eiseachadadh lena mbaineann chun go mbeadh feidhm aige maidir le háit nó críoch a bhfuil an tír sin (go hiomlán nó go páirteach) freagrach as a caidreamh coigríche agus chuige sin amháin, maidir leis an áit nó leis an gcríoch sin.”.

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

Leasú ar an Acht um Eiseachadadh (Leasú), 1994.

58.—Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Eiseachadadh (Leasú), 1994 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 6B:

“6C. Cion faoi *alt 6(1)(a), 9 nó 11 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005.*”.

Leasú ar an Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967.

59.—Leasaítear an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 mar a leanas:

(a) in alt 13(1), trí “nó an cion arb éard é dúnmharú faoi *alt 6 nó 11 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005* nó iarracht ar an gcion sin a dhéanamh” a chur isteach i ndiaidh “an cion arb éard é marú nó iarracht ar mharú faoi mhír (h) nó (j) d’alt 2(1) den Acht um Shláidáil Mhuirí, 2004” (a cuireadh isteach le halt 10 den Acht um Shláidáil Mhuirí, 2004);

(b) in alt 29(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j) (a cuireadh isteach le halt 10 den Acht um Shláidáil Mhuirí, 2004):

“(k) an cion arb éard é dúnmharú faoi *alt 6 nó 11 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005* nó iarracht ar an gcion sin a dhéanamh.”.

Leasú ar an Acht um Bannaí, 1997.

60.—Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 32:

“Sceimhlitheoireacht a Dhíchur.

33.— Aon chion faoin *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005.*”.

CUID 7

SONRAÍ CUMARSÁIDE

Léiriú ar an gCuid seo.

61.—(1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Acht 1993” an tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993;

ciallaíonn “sonraí comhiomlánaithe” sonraí nach féidir a chur i mbaint le suibscríobhaithe nó úsáideoirí aonair;

ciallaíonn “sonraí” sonraí cumarsáide;

ciallaíonn “iarraidh ar shonraí a choinneáil” iarraidh arna déanamh faoi *alt 63* chun sonraí maidir le trácht nó sonraí maidir le suíomh nó iad araon a choinneáil;

ciallaíonn “breitheamh ainmnithe” an duine a ainmnítear faoi alt 8 d’Acht 1993;

ciallaíonn “Treoir” Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta)*, 2005.

CD.7 A.61

agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí;

ciallaíonn “iarraidh ar nochtadh” iarraidh faoi *alt 64* chun sonraí maidir le trácht nó sonraí maidir le suíomh a choinnítear de réir *alt 63(5)* a nochtadh;

ciallaíonn “Coimisinéir an Gharda Síochána” an Coimisinéir ar an nGarda Síochána;

tá le “próiseáil” an bhrí chéanna atá leis sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003;

ciallaíonn “Réiteoir” sealbhóir oifig an Réiteora Gearán faoi Acht 1993;

ciallaíonn “soláthraí seirbhíse” duine a bhíonn ag gabháil do sheirbhís cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí a sholáthar trí theileafón líne socra nó trí theileafón soghluaiste.

(2) Aon fhocal nó abairt a úsáidtear ach nach mínítear sa Chuid seo agus a mhínítear sa Treoir, tá an bhrí chéanna leis nó léi sa Chuid seo atá leis nó léi sa Treoir.

62.—Tá feidhm ag an gCuid seo maidir le sonraí a bhaineann le cumarsáidí a tharchuirtear trí theileafón líne socra nó trí theileafón soghluaiste, ach níl feidhm aici maidir le hábhar na gcumarsáidí sin.

Feidhm na Coda seo.

63.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(4)*, féadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána iarraidh ar sholáthraí seirbhíse sonraí maidir le trácht nó sonraí maidir le suíomh nó iad araon a choinneáil ar feadh tréimhse 3 bliana chun na gcríoch seo a leanas—

Sonraí maidir le trácht agus suíomh a bhaineann le cumarsáidí leis an teileafón a choinneáil.

(a) coireacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh (lena n-áirítear cionta sceimhlitheoireachta ach gan bheith teoranta dóibh), nó

(b) slándáil an Stáit a chosaint.

(2) Is i scríbhinn a dhéanfar an iarraidh ar shonraí a choinneáil.

(3) Aon sonraí maidir le trácht agus sonraí maidir le suíomh a bheidh i seilbh soláthraí seirbhíse ar an Acht seo a rith agus a bheidh á gcoinneáil ag an soláthraí seirbhíse chun na gcríoch a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, measfar go raibh siad ina n-ábhar d’iarraidh ar shonraí a choinneáil, ach sin sa chás amháin nach bhfuil an tréimhse choinneála 3 bliana do na sonraí caite roimh an Acht seo a rith.

(4) Chun críocha na Coda seo, tosaíonn an tréimhse choinneála 3 bliana—

(a) i gcás sonraí maidir le trácht nó sonraí maidir le suíomh dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, ar an dáta roimh an Acht seo a rith ar a ndearna an soláthraí seirbhíse na sonraí a phróiseáil i gcéadúair, nó

(b) i gcás aon sonraí eile maidir le trácht nó sonraí eile maidir le suíomh, ar an dáta ar an Acht seo a rith nó dá éis sin ar a ndearnadh na sonraí a phróiseáil amhlaidh i gcéadúair.

(5) D'ainneoin aon achtacháin nó ionstraime eile, coinneoidh soláthraí seirbhíse, chun na gcríoch agus ar feadh na tréimhse a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, na sonraí a shonraítear in iarraidh ar sonraí a choinneáil a dhéanfar chun an tsoláthraí.

(6) Ní ghlacfar le haon ní san alt seo mar ní lena gceanglaítear ar sholáthraí seirbhíse sonraí comhiomlánaithe nó sonraí a ndearnadh sonraí anaithnid díobh a choinneáil.

Rochtain ar sonraí a choinneofar chun críocha forfheidhmithe dlí agus slándála.

64.—(1) Faoi réir *fho-alt (7)*, ní dhéanfaidh soláthraí seirbhíse rochtain ar sonraí a choinneofar de réir *alt 63(5)*, ach amháin—

- (a) ar iarraidh agus le toiliú ón duine lena mbaineann na sonraí,
- (b) chun iarraidh ar nochtadh faoi *fho-alt (2)* nó *(3)* den alt seo a chomhlíonadh,
- (c) de réir ordú cúirte,
- (d) chun críche imeachtaí sibhialta in aon chúirt, nó
- (e) de réir mar a údaróidh an Coimisinéir Cosanta Sonraí.

(2) Más deimhin le comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ardcheannfort gur gá, chun na gcríoch chun ar coinníodh aon sonraí, rochtain a fháil ar na sonraí arna gcoinneáil ag soláthraí seirbhíse de réir *alt 63(5)*, féadfaidh an comhalta sin a iarraidh ar an soláthraí seirbhíse na sonraí a nochtadh don chomhalta.

(3) Más deimhin le hoifigeach do na Buan-Óglaigh nach ísle céim ná cornal gur gá, chun slándáil an Stáit a chosaint, rochtain a fháil ar aon sonraí arna gcoinneáil ag soláthraí seirbhíse de réir *alt 63(5)*, féadfaidh an t-oifigeach sin iarraidh ar an soláthraí seirbhíse na sonraí a nochtadh don oifigeach.

(4) Is i scríbhinn a dhéanfar iarraidh ar nochtadh ach, i gcásanna práinne eisceachtúla, féadfaidh duine, atá i dteideal faoi *fho-alt (2)* nó *(3)* an iarraidh a dhéanamh, an iarraidh a dhéanamh ó bhéal (cibé acu leis an teileafón nó ar shlí eile).

(5) Aon duine a dhéanann iarraidh ar nochtadh ó bhéal, déanfaidh sé nó sí an iarraidh a dheimhniú i scríbhinn don soláthraí seirbhíse laistigh de 24 huairé an chloig.

(6) Comhlíonfaidh soláthraí seirbhíse iarraidh ar nochtadh a dhéanfar chun an tsoláthraí seirbhíse.

(7) I gcás go mbeidh iomlán na tréimhse a shonraítear in iarraidh ar sonraí a choinneáil, nó cuid den tréimhse sin, comhthráthach leis an tréimhse ar lena linn a fhéadfar, de réir dlí, aon sonraí de na sonraí a shonraítear san iarraidh a phróiseáil chun críoch seachas na críocha a shonraítear san iarraidh, ní choisctear leis an alt seo na sonraí sin a phróiseáil chun na gcríoch eile sin.

Nós imeachta gearán.

65.—(1) Aon duine a chreideann go bhfuarthas rochtain, tar éis iarrata ar nochtadh, ar sonraí a bhaineann leis an duine agus atá i seilbh soláthraí seirbhíse, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun an Réiteora ar imscrúdú ar an ní.

(2) Má dhéantar iarratas faoin alt seo (seachas iarratas ar dealraitheach don Réiteoir gur iarratas suaibhreasach nó cráiteach é), déanfaidh an Réiteoir imscrúdú—

(a) i dtaobh an ndearnadh iarraidh ar nochtadh mar a líomhnaítear san iarratas, agus

(b) má rinneadh, i dtaobh ar sáraíodh aon fhoráil *d'alt 64* i ndáil leis an iarraidh ar nochtadh.

(3) Más rud é, tar éis an ní a imscrúdú, gurb é tátal an Réiteora gur sáraíodh foráil *d'alt 64* i ndáil leis an iarraidh ar nochtadh, déanfaidh an Réiteoir—

(a) fógra i scríbhinn a thabhairt don iarratasóir i dtaobh an tátail sin, agus

(b) tuarascáil faoi fhionnachtana an Réiteora a thabhairt don Taoiseach.

(4) Ina theannta sin, sna himthosca a shonraítear i *bhfo-alt (3)*, féadfaidh an Réiteoir, más cuí leis nó léi é, le hordú, ceachtar de na nithe seo a leanas nó iad araon a dhéanamh:

(a) a ordú go ndíothófar na sonraí iomchuí agus aon chóipeanna de na sonraí;

(b) moladh a dhéanamh go ndéanfar cibé suim a shonrófar san ordú a foc leis an iarratasóir mar chúiteamh.

(5) Más rud é, tar éis an ní a imscrúdú, gurb é tátal an Réiteora nár sáraíodh aon fhoráil *d'alt 64*, déanfaidh an Réiteoir fógra i scríbhinn á rá sin a thabhairt don iarratasóir.

(6) Is breith chríochnaitheach breith ón Réiteoir faoin alt seo.

(7) Chun críche imscrúdú faoin alt seo, tá an Réiteoir i dteideal rochtain a fháil ar aon doiciméid nó taifid oifigiúla a bhaineann leis an iarratas iomchuí agus tá an chumhacht aige nó aici iad a iniúchadh.

(8) Aon duine a raibh baint aige nó aici le iarraidh ar nochtadh a dhéanamh ar ina leith a dhéantar iarratas faoin alt seo, nó a bhfuil faisnéis aige nó aici is iomchuí maidir leis an gcéanna, déanfaidh sé nó sí cibé faisnéis a bhaineann leis an iarraidh agus atá i seilbh an duine a thabhairt don Réiteoir ar iarraidh a fháil uaidh nó uaithi.

66.—Leasaítear alt 8 d'Acht 1993 trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1): Leasú ar alt 8 d'Acht 1993.

“(1) Déanfaidh Uachtarán na hArd-Chúirte, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, a iarraidh ó am go ham ar dhuine is breitheamh den Ard-Chúirt na dualgais a shonraítear san alt seo agus in *alt 67* den *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta)*, 2005 a ghabháil de lámh (le linn dó a bheith ag fónamh mar bhreitheamh den sórt sin) agus, má ghlactar leis an iarraidh, ainmneoidh an Rialtas an breitheamh chun críocha an Achta seo agus an *Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta)*, 2005.

CD.7 A.66 [Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

(1A) Ní dhéanann fo-alt (1) difear d'fheidhmeanna an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoi alt 10 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988.”.

Dualgais an bhreithimh ainmnithe i ndáil leis an gCuid seo.

67.—(1) I dteannta na ndualgais a shanntar faoi alt 8 d'Acht 1993, déanfaidh an breitheamh ainmnithe—

(a) oibriú fhorálacha na Coda seo a choimeád faoi athbhreithniú,

(b) a fhionnadh an bhfuil an Garda Síochána agus na Buan-Óglaigh ag comhlíonadh a forálacha, agus

(c) cibé nithe a bhaineann leis an gCuid seo is dóigh leis an mbreitheamh ainmnithe is cuí a chur sa tuarascáil chun an Taoisigh faoi alt 8(2) d'Acht 1993.

(2) Chun na dualgais a shanntar faoin alt seo a chomhlíonadh—

(a) tá an chumhacht ag an mbreitheamh ainmnithe aon chás ina ndéantar iarraidh ar nochtadh a imscrúdú, agus

(b) tá an breitheamh ainmnithe i dteideal rochtain a fháil ar aon doiciméid nó taifid oifigiúla a bhaineann leis an iarraidh agus tá an chumhacht aige nó aici iad a iniúchadh.

(3) Aon duine a raibh baint aige nó aici le hiarraidh ar nochtadh a ullmhú nó a dhéanamh, nó a bhfuil faisnéis aige nó aici is iomchuí maidir leis an gcéanna, déanfaidh sé nó sí cibé faisnéis a bhaineann leis an iarraidh agus atá i seilbh an duine a thabhairt don bhreitheamh ainmnithe ar iarraidh a fháil uaidh nó uaithi.

(4) Féadfaidh an breitheamh ainmnithe, má mheasann sé nó sí gurb inmhianaithe déanamh amhlaidh, cumarsáid a dhéanamh leis an Taoiseach nó leis an Aire maidir le hiarrataí ar nochtadh agus leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí i dtaca le feidhmeanna an Choimisinéara faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

CUID 8

BARÁNTAS GABHÁLA EORPACH

Feidhm na Coda seo.

68.—Beidh feidhm ag na leasuithe a dhéantar leis an gCuid seo (seachas *alt 83*) maidir le barántais gabhála Eorpacha, agus le cóipeanna macasamhla agus cóipeanna dílse den chéanna, a fhorhuinítear faoi alt 13, nó a tháirgtear faoi alt 14(7), d'Acht 2003 tar éis an tAcht seo a rith.

Toimhdeofar go gcomhlíonfaidh an stát eisiúna an Treoirchinneadh.

69.—Leasaítear Acht 2003 tríd an alt seo a leanas a chur isteach:

“4A.—Toimhdeofar go gcomhlíonfaidh stát eisiúna ceanglais an Treoirchinidh, mura suífear a mhalairt.”.

Cionta comhréire.

70.—Leasaítear Acht 2003 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 5:

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

CD.8 A.70

“5.—Chun críocha an Achta seo, tá cion a shonraítear i mbarántas gabhála Eorpach ina chion comhréire le cion faoi dhlí an Stáit, i gcás go mbeadh an gníomh nó an neamhghníomh arb é an cion é arna shonrú amhlaidh, dá ndéanfaí é sa Stát an dáta ar a n-eisítear an barántas gabhála Eorpach, ina chion faoi dhlí an Stáit.”

71.—Leasaítear Acht 2003 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 10:

Oibleagáid duine a thabhairt suas.

“10.—I gcás go ndéanfaidh údarás breithiúnach i stát eisiúna barántas gabhála Eorpach a eisiúint go cuí i leith duine—

- (a) a mbeartaíonn an stát sin imeachtaí mar gheall ar chion lena mbaineann an barántas gabhála Eorpach a thionscnamh ina choinne nó ina coinne,
- (b) is ábhar d’imeachtaí sa stát sin mar gheall ar chion lena mbaineann an barántas gabhála Eorpach,
- (c) a ciontaíodh i gcion lena mbaineann an barántas gabhála Eorpach ach nár cuireadh pianbhreith air nó uirthi fós mar gheall ar an gcion sin, nó
- (d) ar forchuireadh pianbhreith phríosúnachta nó choinneála air nó uirthi mar gheall ar chion lena mbaineann an barántas gabhála Eorpach, agus a theith ón stát eisiúna—
 - (i) sular thosaigh sé nó sí ar an bpianbhreith sin a chur isteach, nó
 - (ii) sular chuir sé nó sí an phianbhreith sin isteach,

déanfar an duine sin, faoi réir agus de réir fhorálacha an Achta seo agus an Treoirchinnidh, a ghabháil agus a thabhairt suas don stát eisiúna.”

72.—Leasaítear alt 11 d’Acht 2003—

Barántas gabhála Eorpach.

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Beidh barántas gabhála Eorpach, a mhéid is indéanta, san fhoirm atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirchinneadh.

(1A) Faoi réir fho-alt (2A), sonrófar i mbarántas gabhála Eorpach—

- (a) ainm agus náisiúntacht an duine ar ina leith a eiseofar é,
- (b) ainm an údaráis bhreithiúnaigh a d’eisigh an barántas gabhála Eorpach, agus seoladh a phríomhoifige,
- (c) uimhir theileafóin, uimhir facs agus seoladh ríomhphoist (más ann) an údaráis bhreithiúnaigh sin,

- (d) an cion lena mbaineann an barántas gabhála Eorpach, lena n-áirítear cineál agus aicmiú an chiona lena mbaineann faoi dhlí an stáit eisiúna,
- (e) go bhfuil ciontú, pianbhreith nó ordú coinneála infhorfheidhmithe láithreach i gcoinne an duine, nó go ndearnadh barántas chun é nó í a ghabháil, nó ordú eile ó údarás breithiúnach sa stát eisiúna a bhfuil an éifeacht chéanna leis, a eisiúint i leith an chiona,
- (f) na himthosca ina ndearnadh an cion nó a líomhnaítear go ndearnadh iontu é, lena n-áirítear am agus áit a dhéanta nó a dhéanta líomhnaithe, agus a mhéid a bhí, nó a líomhnaítear a bhí, an duine páirteach i ndéanamh an chiona, agus
- (g) (i) na pionóis a dhlíí a chur ar an duine sin dá gciontófaí é nó í sa chion a bheidh sonraithe sa bharántas gabhála Eorpach,
- (ii) i gcás gur ciontaíodh an duine sin sa chion a bheidh sonraithe sa bharántas gabhála Eorpach ach nár cuireadh pianbhreith air nó uirthi fós, na pionóis a dhlífear a chur air nó uirthi maidir leis an gcion, nó
- (iii) i gcás gur ciontaíodh an duine sin sa chion a bheidh sonraithe sa bharántas gabhála Eorpach agus inar forchuireadh pianbhreith air nó uirthi maidir leis an gcéanna, na pionóis arb éard iad an phianbhreith sin.”

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(2A) Más rud é nach bhfuil sé indéanta aon chuid den fhaisnéis lena mbaineann fo-alt (1A) (arna chur isteach le *halt 72(a)* den *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005*) a shonrú sa bharántas gabhála Eorpach, féadfar í a shonrú i ndoiciméad ar leithligh.”

agus

(c) trí fho-alt (3) a scriosadh.

73.—Leasaítear alt 12 d’Acht 2003—

(a) i bhfo-alt (2), trí “an t-údarás breithiúnach eisiúna nó an stát eisiúna, de réir mar is cuí,” a chur in ionad “an t-údarás breithiúnach eisiúna”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(3A) Féadfar gealltanais a cheanglaítear faoin Acht seo a leagan amach sa bharántas gabhála Eorpach nó i ndoiciméad ar leithligh.”

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) D’ainneoin fho-alt (3), measfar gur chomhlíon an t-údarás breithiúnach eisiúna fo-alt (1)—

(a) má dhéanann an t-údarás breithiúnach eisiúna, nó má dhéantar thar ceann an údarás bhreithiúnaigh eisiúna, cóipeanna macasamhla—

(i) den bharántas gabhála Eorpach, agus

(ii) más cuí, d’aistriúchán air sin,

a tharchur chuig an Údarás Lárnach sa Stát, agus

(b) i gcás go ndéanann an tAire rialacháin faoi fho-alt (10), má chomhlíontar na rialacháin i ndáil leis na cóipeanna macasamhla sin.”

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) D’ainneoin fho-alt (3), measfar gur chomhlíon an t-údarás breithiúnach eisiúna nó an stát eisiúna, de réir mar is cuí, fo-alt (2)—

(a) má dhéanann sé, nó má dhéantar thar a cheann, cóipeanna macasamhla—

(i) de cibé gealltanais a cheanglaítear faoin Acht seo, agus

(ii) más cuí, d’aistriúcháin orthu sin,

a tharchur chuig an Údarás Lárnach sa Stát, agus

(b) i gcás go ndéanann an tAire rialacháin faoi fho-alt (10), má chomhlíontar na rialacháin i ndáil leis na cóipeanna macasamhla sin.”

(e) i bhfo-alt (6), trí “ar an údarás breithiúnach eisiúna nó ar an stát eisiúna, de réir mar is cuí,” a chur in ionad “ar an údarás breithiúnach eisiúna” agus “leis an údarás breithiúnach eisiúna nó leis an stát eisiúna, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “leis an údarás breithiúnach eisiúna”.

(f) i mír (b) d’fho-alt (8), trí “ar údarás breithiúnach eisiúna nó ar an stát eisiúna, de réir mar is cuí,” a chur in ionad “ar údarás breithiúnach sa stát eisiúna”,

(g) i bhfo-alt (8), tríd an mír nua seo a leanas a chur isteach:

“(c) doiciméad dá dtagraítear in alt 11(2A) (arna chur isteach le *halt 72(b)* den *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta)*, 2005),”

agus

(h) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (11):

“(11) San alt seo, folaíonn ‘barántas gabhála Eorpach’ doiciméad dá dtagraítear in alt 11(2A) (arna chur isteach le *halt 72(b)* den *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005*).”.

74.—Leasaítear alt 14 d’Acht 2003—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) D’ainneoin fho-alt (5), féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfar duine a bheidh athchurtha faoi choimeád faoin alt seo a scaoileadh saor ó choimeád más rud é, aon tráth tar éis an duine a athchur amhlaidh, gur dealraitheach don Ard-Chúirt nár eisíodh barántas gabhála Eorpach i leith an duine.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) Más rud é, i ndáil le duine a bheidh athchurtha faoi choimeád faoi fho-alt (3), go ndéanfar barántas gabhála Eorpach a tharchur chuig an Údarás Lárnach sa Stát de réir alt 12—

(a) tabharfar an duine os comhair na hArd-Chúirte a luaithe is féidir, agus

(b) déanfar an barántas gabhála Eorpach, nó cóip mhacasamhla nó cóip dhílis de sin, a thabhairt ar aird don Ard-Chúirt,

agus déanfaidh an Ard-Chúirt, más deimhin léi maidir leis an duine gurb é nó í an duine ar ina leith a eisíodh an barántas gabhála Eorpach—

(i) an duine a athchur faoi choimeád nó faoi bhannaí (agus, chun na críche sin, beidh na cumhachtaí céanna ag an Ard-Chúirt i ndáil le hathchur is a bheadh aici dá dtabharfaí an duine os a comhair agus é nó í faoi chúiseamh i gcion indíotáilte), agus

(ii) dáta a shocrú chun críocha alt 16 (is dáta nach déanaí ná 21 lá tar éis an dáta a gabhadh an duine).”,

(c) i bhfo-alt (10), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “rabhadh Schengen”:

“ciallaíonn ‘rabhadh Schengen’ doiciméad—

(a) a léiríonn gur eisigh údarás breithiúnach i mBallstát barántas gabhála Eorpach i leith an duine a bheidh ainmnithe sa doiciméad cibé dáta a bheidh sonraithe sa doiciméad,

(b) arna tharchur trí mheán leictreonach ag an údarás breithiúnach lena mbaineann nó ag an stát eisiúna lena mbaineann, de réir mar is cuí, nó arna tharchur trí mheán leictreonach thar a

cheann, chuig an nGarda Síochána trí úsáid a bhaint as trealamh atá ceaptha, nó beartaithe lena úsáid, chun críocha Chóras Faisnéise Schengen, agus

- (c) ar féidir leis an nGarda Síochána féachaint air trí mheán trealamh atá ceaptha, nó beartaithe lena úsáid, chun na gcríoch sin.”

75.—Leasaítear alt 15 d’Acht 2003—

Leasú ar alt 15 d’Acht 2003.

- (a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) I gcás go dtabharfar duine os comhair na hArd-Chúirte faoi alt 13, féadfaidh sé nó sí toiliú lena thabhairt suas nó lena thabhairt suas don stát eisiúna agus, má thoilíonn sé nó sí amhlaidh, déanfaidh an Ard-Chúirt—

- (a) más rud é gur formhuiníodh an barántas gabhála Eorpach, nó cóip mhacasamhla nó cóip dhílis de, de réir alt 13 chun an barántas a fhorghníomhú,

- (b) más deimhin léi—

(i) go dtoilíonn an duine go saorálach lena thabhairt suas nó lena thabhairt suas don stát eisiúna lena mbaineann agus gurb eol dó nó di na hiarmhairtí a bhaineann lena thoiliú nó lena toiliú a thabhairt amhlaidh, agus

(ii) go bhfuair an duine comhairle dlí ghairmiúil, nó gur tugadh an deis dó nó di comhairle dlí ghairmiúil a fháil nó chun go gcuirfí comhairle dlí ghairmiúil ar fáil dó nó di, sular thoiligh sé nó sí lena thabhairt suas nó lena thabhairt suas,

- (c) mura gceanglaítear, faoi alt 21A, 22, 23 nó 24 (arna gcur isteach le *hailt 79, 80, 81* agus 82 den *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta)*, 2005), diúltú an duine a thabhairt suas faoin Acht seo, agus

- (d) mura dtoirmiscear le Cuid 3 nó leis an Treoirchinneadh (lena n-áirítear na réamhathrisí a ghabhann leis) an duine a thabhairt suas,

ordú á ordú go ndéanfar an duine a thabhairt suas do cibé duine eile a bheidh údaraithe go cuí ag an stát eisiúna chun é nó í a ghlacadh.

(2) I gcás go dtabharfar duine os comhair na hArd-Chúirte faoi alt 14, féadfaidh sé nó sí toiliú lena thabhairt suas nó lena thabhairt suas don stát eisiúna agus, má thoilíonn sé nó sí amhlaidh, déanfaidh an Ard-Chúirt—

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

- (a) ar an mbarántas gabhála Eorpach nó cóipeanna macasamhla nó cóipeanna dílse de a thabhairt ar aird don Ard-Chúirt,
- (b) más deimhin léi—
 - (i) go dtoilíonn an duine go saorálach lena thabhairt suas nó lena tabhairt suas don stát eisiúna lena mbaineann agus gurb eol dó nó di na hiarmhairtí a bhaineann lena thoiliú nó lena toiliú a thabhairt amhlaidh, agus
 - (ii) go bhfuair an duine comhairle dlí ghairmiúil agus ionadaíocht dlí ghairmiúil, nó gur tugadh an deis dó nó di an céanna a fháil nó chun go gcuirfí an céanna ar fáil dó nó di, sular thoiligh sé nó sí lena thabhairt suas nó lena tabhairt suas,
- (c) mura gceanglaítear, faoi alt 21A, 22, 23 nó 24 (arna gcur isteach le *hailt 79, 80, 81 agus 82 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005*), diúltú an duine a thabhairt suas faoin Acht seo, agus
- (d) mura dtoirmiscear le Cuid 3 nó leis an Treoirchinneadh (lena n-áirítear na réamhaithrisí a ghabhann leis) an duine a thabhairt suas,

ordú á ordú go ndéanfar an duine a thabhairt suas do cibé duine eile a bheidh údaraithe go cuí ag an stát eisiúna chun é nó í a ghlacadh.”,

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Beidh éifeacht le hordú faoin alt seo ar thréimhse 10 lá a bheith caite dar tosach an dáta a dhéanfar an t-ordú nó cibé dáta is luaithe ná sin a ordóidh an Ard-Chúirt ar iarraidh a fháil ón duine lena mbaineann an t-ordú.”,

- (c) i bhfo-alt (5), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) tar éis don ordú teacht in éifeacht de réir fho-alt (3) (arna chur isteach le *halt 75(b)* den *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005*), nó”,

agus

- (d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) Aon duine (lena mbaineann ordú a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire faoin alt seo) nach dtabharfar suas don stát eisiúna de réir fho-alt (5), déanfar é nó í a scaoileadh saor ó choimeád láithreach ar an tréimhse 10 lá dá dtagraítear san fho-alt sin a bheith caite, mura rud é, ar an tréimhse sin a bheith caite, go mbeidh imeachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (6) ar feitheamh.”.

76.—Leasaítear alt 16 d’Acht 2003—

Dáta éisteachta i ndáil le barántas gabhála Eorpach.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) I gcás nach dtoileoidh duine lena thabhairt suas nó lena tabhairt suas don stát eisiúna nó go mbeidh a thoiliú nó a toiliú tarraingthe siar aige nó aici faoi alt 15(9), féadfaidh an Ard-Chúirt ordú a dhéanamh, cibé dáta a bheidh socraithe faoi alt 13 nó cibé dáta is déanaí ná sin is cuí léi, á ordú go ndéanfar an duine a thabhairt suas do cibé duine eile a bheidh údaraithe go cuí ag an stát eisiúna chun é nó í a ghlacadh, ar choinníoll—

- (a) gur deimhin leis an Ard-Chúirt maidir leis an duine atá os a comhair gurb é nó í an duine ar ina leith a eisíodh an barántas gabhála Eorpach,
- (b) gur formhuiníodh an barántas gabhála Eorpach, nó cóip mhacasamhla nó cóip dhílis den chéanna, de réir alt 13 chun an barántas a fhorghníomhú,
- (c) más cuí, go ndéantar gealltanais faoi alt 45, nó cóip mhacasamhla nó cóip dhílis den chéanna, a sholáthar don chúirt,
- (d) nach gceanglaítear ar an Ard-Chúirt, faoi alt 21A, 22, 23 nó 24 (arna gcur isteach le *hailt 79, 80, 81* agus 82 den *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta)*, 2005), diúltú an duine a thabhairt suas faoin Acht seo, agus
- (e) nach dtoirmiscear le Cuid 3 nó leis an Treoirchinneadh (lena n-áirítear na réamhathrisí a ghabhann leis) an duine a thabhairt suas.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) I gcás nach dtoileoidh duine lena thabhairt suas nó lena tabhairt suas don stát eisiúna nó go mbeidh a thoiliú nó a toiliú tarraingthe siar aige nó aici faoi alt 15(9), féadfaidh an Ard-Chúirt ordú a dhéanamh, cibé dáta a bheidh socraithe faoi alt 14 nó cibé dáta is déanaí ná sin is cuí léi, á ordú go ndéanfar an duine a thabhairt suas do cibé duine eile a bheidh údaraithe go cuí ag an stát eisiúna chun é nó í a ghlacadh, ar choinníoll—

- (a) go ndéantar an barántas gabhála Eorpach agus, más cuí, gealltanais faoi alt 45, nó cóipeanna macasamhla nó cóipeanna dílse den chéanna, a sholáthar don chúirt,
- (b) gur deimhin leis an Ard-Chúirt maidir leis an duine atá os a comhair gurb é nó í an duine ar ina leith a eisíodh an barántas gabhála Eorpach,
- (c) nach gceanglaítear ar an Ard-Chúirt, faoi alt 21A, 22, 23 nó 24 (arna gcur isteach le *hailt 79, 80, 81* agus 82 den *Acht um Cheartas Coiriúil*

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

(*Cionta Sceimhlitheoireachta, 2005*), diúltú an duine a thabhairt suas faoin Acht seo, agus

- (d) nach dtoirmisctear le Cuid 3 nó leis an Treoirchinneadh (lena n-áirítear na réamhaithrisí a ghabhann leis) an duine a thabhairt suas.”,

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(2A) I gcás nach ndéanfaidh an Ard-Chúirt—

- (a) ordú faoi fho-alt (1) ar an dáta a bheidh socraithe faoi alt 13, nó
- (b) ordú faoi fho-alt (2) ar an dáta a bheidh socraithe faoi alt 14,

féadfaidh sí an duine atá os a comhair a athchur faoi choimeád nó faoi bhannaí agus, chun na gcríoch sin, beidh na cumhachtaí céanna ag an Ard-Chúirt i ndáil le hathchur is a bheadh aici dá dtabharfaí an duine os a comhair agus é nó í faoi chúiseamh i gcion indíotáilte.”,

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Beidh éifeacht le hordú faoin alt seo ar thréimhse 15 lá a bheidh caite dar tosach an dáta a dhéanfar an t-ordú nó cibé dáta is luaithe ná sin a ordóidh an Ard-Chúirt ar iarraidh a fháil ón duine lena mbaineann an t-ordú.”,

(e) i bhfo-alt (5), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) tar éis don ordú teacht in éifeacht de réir fho-alt (3) (arna chur isteach le *halt 76(d)* den *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005*), nó”,

(f) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) Aon duine (lena mbaineann ordú a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire faoin alt seo) nach dtabharfar suas don stát eisiúna de réir fho-alt (5), déanfar é nó í a scaoileadh saor ó choimeád láithreach ar an tréimhse 10 lá dá dtagraítear san fho-alt sin a bheidh caite, mura rud é, ar an tréimhse sin a bheidh caite, go mbeidh imeachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (6) ar feitheamh.”,

agus

- (g) (i) i bhfo-alt (9), trí “Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (7) agus (8) más rud é” a chur in ionad “Ní bheidh feidhm ag fo-alt (8) más rud é”,
- (ii) i mír (a)(ii) den fho-alt sin, trí “faoi fho-alt (7) nó (8)” a chur in ionad “faoi fho-alt (8)”, agus
- (iii) i mír (b)(ii) den fho-alt sin, trí “faoi fho-alt (7) nó (8)” a chur in ionad “faoi fho-alt (8)”,

agus tá an fo-alt sin (9) arna leasú amhlaidh leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an mír seo.

AN TÁBLA

(9) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (7) agus (8) más rud é—

- (a) (i) gur cuireadh téarma príosúnachta ar an duine mar gheall ar chion inar ciontaíodh é í sa Stát,
- (ii) ar an dáta ar a mbeadh sé nó sí, murach an fo-alt seo, i dteideal é nó í a scaoileadh saor faoi fho-alt (7) nó (8), go mbeidh an téarma príosúnachta iomlán nó cuid de gan chaitheamh, agus
- (iii) go gceanglófar ar an duine iomlán dá mbeidh fágtha den téarma príosúnachta sin, nó cuid de, a chur isteach, nó
- (b) (i) gur cúisíodh, nó gur ciontaíodh, an duine i gcion sa Stát, agus
- (ii) ar an dáta ar a mbeadh sé nó sí, murach an mhír seo, i dteideal é nó í a scaoileadh saor ó choimeád faoi fho-alt (7) nó (8), go gceanglófar air nó uirthi a bheith faoi choimeád de bhua é nó í a bheith athchurtha faoi choimeád go dtí go ndéanfar é nó í a thriail, nó go gcuirfear pianbhreith air nó uirthi, i leith an chiona sin.

77.—Leasaítear alt 18 d’Acht 2003 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach: Leasú ar alt 18 d’Acht 2003.

“(2A) I gcás go gcinnfidh an Ard-Chúirt tabhairt suas duine faoin alt seo a iarchur, féadfaidh sí an duine a athchur faoi choimeád nó faoi bhannaí agus, chun na críche sin, beidh na cumhachtaí céanna ag an Ard-Chúirt i ndáil le hathchur is a bheadh aici dá dtabharfaí an duine os a comhair agus é nó í faoi chúiseamh i gcion indíotáilte.”

78.—Leasaítear alt 20 d’Acht 2003— Leasú ar alt 20 d’Acht 2003.

- (a) i bhfo-alt (1), trí “ar an údarás breithiúnach eisiúna nó ar an stát eisiúna, de réir mar is cuí,” a chur in ionad “ar an údarás breithiúnach eisiúna”, agus
- (b) i bhfo-alt (2), trí “ar an údarás breithiúnach eisiúna nó ar an stát eisiúna, de réir mar is cuí,” a chur in ionad “ar an údarás breithiúnach eisiúna”.

79.—Leasaítear Acht 2003 tríd an alt seo a leanas a chur isteach: Diúltú duine a thabhairt suas i gcás nach ndéanfar cinneadh é nó í a ionchúiseamh.

“21A.—(1) I gcás go n-eiseofar barántas gabhála Eorpach sa stát eisiúna i leith duine nár ciontaíodh i gcion a bheidh sonraithe ann, diúltóidh an Ard-Chúirt an duine a thabhairt suas más deimhin léi nár tugadh breith an duine a chúiseamh sa chion sin, agus é nó í a thriail ina leith, sa stát eisiúna.

(2) I gcás go n-eiseofar barántas gabhála Eorpach i leith duine nár ciontaíodh i gcion a bheidh sonraithe ann, toimhdeofar gur tugadh breith an duine a chúiseamh sa chion sin, agus é nó í a thriail ina leith, sa stát eisiúna, mura suífear a mhalairt.”

80.—Leasaítear Acht 2003 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 22:

“22.—(1) San alt seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, ciallaíonn ‘cion’, i ndáil le duine lena mbaineann barántas gabhála Eorpach, cion (seachas cion a shonraítear sa bharántas gabhála Eorpach ar ina leith a ordáitear faoin Acht seo an duine a thabhairt suas) faoi dhlí an stáit eisiúna a rinneadh roimh an duine a thabhairt suas, ach ní fholóidh sé cion arb é atá ann, go hiomlán, gníomhartha nó neamhghníomhartha arb iad an cion a shonraítear sa bharántas gabhála Eorpach iad go hiomlán nó i bpáirt.

(2) Faoi réir an ailt seo, diúltóidh an Ard-Chúirt duine a thabhairt suas faoin Acht seo, más deimhin léi—

- (a) nach bhforáiltear le dlí an stáit eisiúna, maidir le duine a thabharfar suas dó de bhun barántais gabhála Eorpaigh, nach ndéanfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne, pianbhreith a chur air nó uirthi nó é nó í a choinneáil chun pianbhreith nó ordú coinneála a fhorghníomhú, nó nach ndéanfar a shaoirse nó a saoirse phearsanta a shrianadh ar shlí eile, i leith ciona, agus
- (b) go ndéanfar imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an duine, pianbhreith a chur air nó uirthi nó é nó í a choinneáil chun pianbhreith nó ordú coinneála a fhorghníomhú, nó a shaoirse nó a saoirse phearsanta a shrianadh ar shlí eile, i leith ciona.

(3) Toimhdeofar, i ndáil le duine lena mbaineann barántas gabhála Eorpach, nach mbeartaíonn an stát eisiúna—

- (a) imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne,
- (b) pianbhreith a chur air nó uirthi nó é nó í a choinneáil chun críche dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a), nó
- (c) a shaoirse nó a saoirse phearsanta a shrianadh ar shlí eile,

i leith ciona, mura gcruthófar a mhalairt.

(4) Ní dhéanfar tabhairt suas duine faoin Acht seo a dhiúltú faoi fho-alt (2) más rud é—

- (a) nach ndlífear, ar é nó í a chiontú i leith an chiona lena mbaineann, téarma príosúnachta nó coinneála a chur air nó uirthi, nó
- (b) gur deimhin leis an Ard-Chúirt, i gcás go ndlífear, ar é nó í a chiontú amhlaidh, téarma príosúnachta nó coinneála a chur air nó uirthi mar aon le cibé pionós eile nach bhfuil srianadh ar a shaoirse nó a saoirse phearsanta i gceist ann, nach bhforchuirfeadh ach an pionós eile sin amháin má chiontaítear é nó í sa chion.

(5) Ní dhéanfar tabhairt suas duine faoin Acht seo a dhiúltú faoi fho-alt (2) má tá sé beartaithe pionós (seachas pionós arb é atá ann srianadh ar shaoirse an duine) a fhorchur sa stát eisiúna

lena n-áirítear pionós airgeadais i leith ciona inar ciontaíodh an duine a éilítear, d'ainneoin go bhféadfar, má mhainníonn nó má dhiúltaíonn an duine sin an pionós lena mbaineann a íoc (nó, i gcás pionóis nach pionós airgeadas é, má mhainníonn nó má dhiúltaíonn sé nó sí dul faoi aon bheart nó aon cheanglais a chomhlíonadh arb iad an pionós iad), é nó í a choinneáil nó a shaoirse nó a saoirse phearsanta a bhaint de nó di ar shlí eile faoi dhlí an stáit eisiúna.

(6) Ní dhéanfar tabhairt suas duine faoin Acht seo a dhiúltú faoi fho-alt (2), más rud é—

(a) gur deimhin leis an Ard-Chúirt—

- (i) nach dtionscnófar imeachtaí i gcoinne an duine i leith ciona,
- (ii) nach bhforchuirfear pionós ar an duine i leith ciona, agus
- (iii) nach gcoinneofar an duine nó nach srianfar a shaoirse nó a saoirse phearsanta chun críoch ciona,

gan toiliú ón Ard-Chúirt leis sin a bheith faighte i dtosach ag an údarás breithiúnach eisiúna,

(b) gur deimhin leis an Ard-Chúirt—

- (i) go dtoilíonn an duine lena thabhairt suas nó lena thabhairt suas faoi alt 15,
- (ii) gur thoiligh sé nó sí, tráth an toiliú sin a thabhairt amhlaidh, go dtionscnófaí imeachtaí ina choinne nó ina coinne, go bhforchuirfí pionós den sórt sin air nó uirthi, nó go gcoinneofaí é nó í nó go srianfaí a shaoirse nó a saoirse phearsanta, agus gurbh eol dó nó di na hiarmhairtí a bhain lena thoiliú nó lena toiliú a thabhairt amhlaidh, agus
- (iii) go bhfuair an duine comhairle dlí ghairmiúil, nó gur tugadh an deis dó nó di comhairle dlí ghairmiúil a fháil nó chun go gcuirfí comhairle dlí ghairmiúil ar fáil dó nó di, i ndáil leis na nithe lena mbaineann an t-alt seo,

(c) gur deimhin leis an Ard-Chúirt—

- (i) nach dtionscnófar imeachtaí den sórt sin, nach bhforchuirfear pionós den sórt sin agus nach gcoinneofar an duine amhlaidh nó nach srianfar a shaoirse nó a saoirse phearsanta amhlaidh sula mbeidh tréimhse 45 lá caite ón dáta a scaoileadh an duine saor go críochnaitheach mar gheall ar an gcion ar ina leith a dhéantar é nó í a thabhairt suas, agus
- (ii) go mbeidh sé nó sí, le linn na tréimhse sin, saor chun an stát eisiúna a fhágáil,

ach amháin más rud é, ar é nó í a scaoileadh saor amhlaidh, go bhfágfaidh sé nó sí an stát eisiúna agus

go bhfillfidh sé nó sí air níos déanaí (cibé acu le linn na tréimhse sin nó níos déanaí), nó

- (d) gur deimhin leis an Ard-Chúirt nach dtionscnófar na himeachtaí sin, nach bhforchuirfear an pionós sin agus nach gcoinneofar an duine amhlaidh nó nach srianfar a shaoirse nó a saoirse phearsanta amhlaidh mura rud é—
- (i) go dtoilíonn an duine go saorálach le himeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne amhlaidh, le pionós den sórt sin a fhorchur, nó lena choinneáil nó lena coinneáil nó lena shaoirse nó lena saoirse phearsanta a shrianadh amhlaidh, agus gurb eol dó nó di go hiomlán na hiarmhairtí a bhaineann le déanamh amhlaidh,
- (ii) go dtugtar an toiliú sin os comhair an údaráis bhreithiúnaigh inniúil sa stát eisiúna, agus
- (iii) go bhfaigheann an duine comhairle dlí ghairmiúil, nó go dtugtar an deis dó nó di comhairle dlí ghairmiúil a fháil nó chun go gcuirfí comhairle dlí ghairmiúil ar fáil dó nó di, sa stát eisiúna i ndáil leis na nithe lena mbaineann an t-alt seo sula dtugann sé nó sí an toiliú sin.

(7) Féadfaidh an Ard-Chúirt, i ndáil le duine a ndearnadh é nó í a thabhairt suas do stát eisiúna faoin Acht seo, toiliú—

- (a) le himeachtaí a thionscnamh i gcoinne an duine sa stát eisiúna i leith ciona,
- (b) le pionós a fhorchur sa stát eisiúna, lena n-áirítear pionós arb é atá ann srianadh ar shaoirse an duine, i leith ciona, nó
- (c) le himeachtaí a thionscnamh i gcoinne an duine, nó leis an duine a choinneáil, sa stát eisiúna chun pianbhreith nó ordú coinneála a fhorghníomhú i leith ciona,

ar iarraidh a fháil i scríbhinn ón stát eisiúna chuige sin.

(8) Ní thabharfaidh an Ard-Chúirt a toiliú faoi fho-alt (7), más rud é, maidir leis an gcion lena mbaineann, gur cion é ar ina leith nach bhféadfaí, de bhua Chuid 3 nó an Treoirchinnidh (lena n-áirítear na réamhaithrisí a ghabhann leis), duine a thabhairt suas faoin Acht seo.”.

An stát eisiúna do thabhairt suas duine do Bhallstát eile. **81.**—Leasaítear Acht 2003 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 23:

“23.—(1) San alt seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn ‘cion’, i ndáil le duine lena mbaineann barántas gabhála Eorpach, cion faoi dhlí Ballstáit (seachas an stát eisiúna) a rinneadh roimh an duine a thabhairt suas don stát eisiúna faoin Acht seo; agus

ciallaíonn ‘Ballstát’ Ballstát seachas an stát eisiúna.

(2) Faoi réir an ailt seo, diúltóidh an Ard-Chúirt duine a thabhairt suas faoin Acht seo, más deimhin léi—

- (a) nach bhforáiltear le dlí an stáit eisiúna, maidir le duine a thabharfar suas dó de bhun barántais gabhála Eorpaigh, nach ndéanfar é nó í a thabhairt suas do Bhallstát de bhun barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint ag údarás breithiúnach sa Bhallstát sin i leith ciona, agus
- (b) go ndéanfar an duine a thabhairt suas do Bhallstát de bhun barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint ag údarás breithiúnach sa Bhallstát sin i leith ciona.

(3) Toimhdeofar, i ndáil le duine lena mbaineann barántas gabhála Eorpach, nach mbeartaíonn an stát eisiúna é nó í a thabhairt suas do Bhallstát de bhun barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint ag údarás breithiúnach sa Bhallstát sin i leith ciona, mura gcruthófar a mhalairt.

(4) Ní dhéanfar tabhairt suas duine faoin Acht seo a dhiúltú faoi fho-alt (2), más rud é—

- (a) gur deimhin leis an Ard-Chúirt nach ndéanfaidh an t-údarás breithiúnach eisiúna an duine a thabhairt suas do Bhallstát de bhun barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint ag údarás breithiúnach sa Bhallstát sin, gan toiliú ón Ard-Chúirt leis sin a bheith faighte i dtosach aige,
- (b) gur deimhin leis an Ard-Chúirt—
 - (i) go dtoilíonn an duine lena thabhairt suas nó lena tabhairt suas faoi alt 15,
 - (ii) gur thoiligh sé nó sí, tráth an toiliú sin a thabhairt amhlaidh, go ndéanfadh an stát eisiúna é nó í a thabhairt suas do Bhallstát de bhun barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint ag údarás breithiúnach sa Bhallstát sin, agus gurbh eol dó nó di na hiarmhairtí a bhain lena thoilíú nó lena toiliú a thabhairt amhlaidh, agus
 - (iii) go bhfuair an duine comhairle dlí ghairmiúil, nó gur tugadh an deis dó nó di comhairle dlí ghairmiúil a fháil nó chun go gcuirfí comhairle dlí ghairmiúil ar fáil dó nó di, i ndáil leis na nithe lena mbaineann an t-alt seo,
- (c) gur deimhin leis an Ard-Chúirt—
 - (i) nach ndéanfaidh an stát eisiúna an duine a thabhairt suas do Bhallstát de bhun barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint ag údarás breithiúnach sa Bhallstát sin, sula mbeidh tréimhse 45 lá caite ón dáta a scaoileadh an duine saor go críochnaitheach mar gheall ar an gcion ar ina leith a dhéantar é nó í a thabhairt suas faoin Acht seo, agus

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

- (ii) go mbeidh sé nó sí, le linn na tréimhse sin, saor chun an stát eisiúna a fhágáil,

ach amháin más rud é, ar é nó í a scaoileadh saor amhlaidh, go bhfágfaidh sé nó sí an stát eisiúna agus go bhfillfidh sé nó sí air níos déanaí (cibé acu le linn na tréimhse sin nó níos déanaí), nó

- (d) gur deimhin leis an Ard-Chúirt nach ndéanfar an duine a thabhairt suas do Bhallstát de bhun barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint ag údarás breithiúnach sa Bhallstát sin mura rud é—

- (i) go dtoilíonn an duine go saorálach lena thabhairt suas nó lena thabhairt suas amhlaidh agus gurb eol dó nó di go hiomlán na hiarmhairtí a bhaineann le déanamh amhlaidh,

- (ii) go dtugtar an toiliú sin os comhair an údaráis bhreithiúnaigh inniúil sa stát eisiúna, agus

- (iii) go bhfaigheann an duine comhairle dlí ghairmiúil, nó go dtugtar an deis dó nó di comhairle dlí ghairmiúil a fháil nó chun go gcuirfí comhairle dlí ghairmiúil ar fáil dó nó di, sa stát eisiúna i ndáil leis na nithe lena mbaineann an t-alt seo sula dtugann sé nó sí an toiliú sin.

(5) Féadfaidh an Ard-Chúirt, i ndáil le duine a ndearnadh é nó í a thabhairt suas do stát eisiúna faoin Acht seo, toiliú leis an stát eisiúna do thabhairt an duine suas do Bhallstát de bhun barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint ag údarás breithiúnach sa Bhallstát sin ar iarraidh a fháil i scríbhinn ón stát eisiúna chuige sin.

(6) Ní thabharfaidh an Ard-Chúirt a toiliú faoi fho-alt (5), más rud é, maidir leis an gcion lena mbaineann, gur cion é ar ina leith nach bhféadfaí, de bhua Chuid 3 nó an Treoirchinnidh (lena n-áirítear na réamhaithrisí a ghabhann leis), duine a thabhairt suas faoin Acht seo .”.

An stát eisiúna d'eiseachadh duine chuig tríú stát.

82.—Leasaítear Acht 2003 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 24:

“24.—(1) Diúltóidh an Ard-Chúirt duine a thabhairt suas faoin Acht seo más deimhin léi—

- (a) nach bhforáiltear le dlí an stáit eisiúna, maidir le duine a ndéanfar é nó í a thabhairt suas dó de bhun barántais gabhála Eorpaigh, nach ndéanfar é nó í a eiseachadh chuig tríú tír gan toiliú na hArd-Chúirte agus an Aire a bheith faighte i dtosach, agus

- (b) go ndéanfar an duine a eiseachadh chuig tríú tír gan an toiliú sin a bheith faighte i dtosach.

(2) Toimhdeofar, i ndáil le duine lena mbaineann barántas gabhála Eorpach, nach mbeartaíonn an stát eisiúna é nó í a eiseachadh chuig tríú tír, mura gruthófar a mhalairt.

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta)*, 2005.

CD.8 A.82

(3) Féadfaidh an stát eisiúna a iarraidh, i scríbhinn, ar an Ard-Chúirt toiliú leis an stát eisiúna d'eiseachadadh duine a bheidh tugtha suas don stát eisiúna faoin Acht seo chuig tríú tír.

(4) Tabharfaidh an Ard-Chúirt a toiliú le hiarraidh faoi fho-alt (3) más deimhin léi—

(a) dá mbeadh an duine lena mbaineann sa Stát, agus

(b) dá bhfaighfí iarraidh sa Stát ón tríú tír lena mbaineann ar é nó í a eiseachadadh,

nach dtoirmiscfí faoi na hAchtanna um Eiseachadadh, 1965 go 2001 é nó í a eiseachadadh de bhun iarrata den sórt sin.”.

83.—Leasaítear Acht 2003 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad Imeachtaí sa Stát.
alt 42:

“42.—Ní dhéanfar duine a thabhairt suas faoin Acht seo más rud é—

(a) go mbeidh breithniú á dhéanamh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó ag an Ard-Aighne, ach nach mbeidh breith tugtha aige nó aici go fóill, i dtaobh an dtionscnóidh sé nó sí imeachtaí i gcoinne an duine mar gheall ar chion, nó

(b) go mbeidh imeachtaí tionscanta sa Stát i gcoinne an duine mar gheall ar chion arb é atá ann gníomh nó neamhghníomh arb éard é, go hiomlán nó go páirteach, an cion a shonraítear sa bharántas gabhála Eorpach a eisíodh ina leith.”.

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

Alt 4.

SCEIDEAL 1

TREOIRCHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE AN 13 MEITHEAMH 2002 MAIDIR
LEIS AN SCEIMHLITHEOIREACT A CHOMHRAC

CUID 1

TREOIRCHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE 2002/475 CGB

an 13 Meitheamh 2002

maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 29, Airteagal 31(e) agus Airteagal 34(2)(b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún¹,

Ag féachaint don Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa²,

De bhrí:

(1) Go bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe ar na luachanna uilechoiteanna arb iad dínit an duine, an tsaoirse, an comhionannas agus an dlúthpháirtíocht, an urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha. Tá sé bunaithe ar phrionsabal an daonlathais agus ar phrionsabal an smacht reachta, prionsabail is coiteann do na Ballstáit.

(2) Tá an sceimhlitheoireacht ar cheann de na sárúithe is tromchúisí ar na prionsabail sin. Daingníonn Dearbhú La Gomera arna ghlacadh ag an geruinniú neamhfhoirmiúil den Chomhairle ar an 14 Deireadh Fómhair 1995 go bhfuil an sceimhlitheoireacht ina bagairt ar an daonlathas, ar shaorfheidhmiú chearta an duine agus ar an bhforbraíocht eacnamaíoch agus sóisialta.

(3) Is páirtithe na Ballstáit uile nó cuid díobh i roinnt coinbhinsiún a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht. De réir Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa an 27 Eanáir 1977 maidir leis an Sceimhlitheoireacht a Dhíothú ní cionta polaitiúla iad cionta sceimhlitheoireachta ná ní cionta iad atá bainteach le cionta polaitiúla ná ní tucaidí polaitiúla is siocair leo. Tá Coinbhinsiún maidir le buamálacha sceimhlitheoireachta a dhíothú an 15 Nollaig 1997 agus Coinbhinsiún maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta a dhíothú an 9 Nollaig 1999 glactha ag na Náisiúin Aontaithe. Tá dréachtchoinbhinsiún domhanda in aghaidh na sceimhlitheoireachta á dhréachtú faoi láthair sna Náisiúin Aontaithe.

(4) Ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, ghlac an Chomhairle ar an 3 Nollaig 1998 Plean Gníomhaíochta na Comhairle agus an Choimisiún maidir leis an dóigh is fearr chun forálacha Chonradh Amstardam a chur chun feidhme a bhaineann le limistéar saoirse, slándála agus ceartais³. Ba chóir aird a thabhairt freisin ar Chonclúidí ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2001 agus ar phlean gníomhaíochta chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac ón gComhairle Eorpach Urghnách an 21 Meán Fómhair 2001. Rinneadh

¹ IO C 332, 27.11.2001, lch. 300.

² Tuairim a tugadh an 6 Feabhra 2002 (nach bhfuil foilsithe fós san Iris Oifigiúil).

³ IO C 19, 23.1.1999, lch. 1.

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta)*, 2005.

Sc.1

tagairt don sceimhlitheoireacht i gconclúidí ón gComhairle Eorpach in Tampere an 15 agus 16 Deireadh Fómhair 1999, agus ón gComhairle Eorpach in Santa María da Feira an 19 agus 20 Meitheamh 2000. Tá sí luaite freisin sa chumarsáid ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus Parlaimint na hEorpa i dtaca le tabhairt suas chun dáta leathbhliantúil an scórchláir chun an dul chun cinn a athbhreithniú maidir le limistéar “saoirse, slándála agus ceartais” a chruthú san Aontas Eorpach (dara leath de 2000). Fairis sin, ar an 5 Meán Fómhair 2001 ghlac Parlaimint na hEorpa moladh maidir le ról an Aontais Eorpaigh sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta. Ina theannta sin, ba chóir a mheabhrú gur chomhairligh na príomhthíortha tionsclaithe (G7) agus an Rúis ar an 30 Iúil 1996 ag teacht le chéile dóibh i bPáras cúig bheart fichead chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

(5) Tá an iliomad beart sonracha glactha ag an Aontas Eorpach chun an sceimhlitheoireacht agus an choiriúlacht eagraithe a chomhrac, amhail Cinneadh ón gComhairle an 3 Nollaig 1998 ag cur de chúram ar Europol déileáil le coireanna arna ndéanamh nó ar dóigh go ndéanfaí le linn gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta in aghaidh bheatha an duine, a iomláine coirp, saoirse phearsanta nómaoin⁴; Gníomh Comhphárteach 96/610/CGB ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1996 maidir le clár d’inniúlachtaí, scileanna agus sainoilteacht frithsceimhlitheoireachta a chruthú agus a choimeád ar bun chun an comhar frithsceimhlitheoireachta idir na Ballstáit den Aontas Eorpach a éascú⁵; Gníomh Comhphárteach 98/428/CGB ón gComhairle an 29 Meitheamh 1998 maidir le Gréasán Breithiúnach Eorpach a chruthú⁶, le freagrachtaí i leith cionta sceimhlitheoireachta, agus go háirithe Airteagal 2 de; Gníomh Comhphárteach 98/733/CGB ón gComhairle an 21 Nollaig 1998 maidir le cion coiriúil a dhéanamh de rannphárteachas in eagraíocht choiriúil sna Ballstáit den Aontas Eorpach⁷; agus Moladh ón gComhairle an 9 Nollaig 1999 maidir le comhar sa chomhrac in aghaidh grúpaí sceimhlitheoireachta a mhaoiniú.⁸

(6) Ba chóir comhfhogasú a dhéanamh i ngach Ballstát ar an sainmhíniú de chionta sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear na cionta sin a bhaineann le grúpaí sceimhlitheoireachta. Fairis sin, ba chóir pionóis agus smachtbhannaí a léiríonn tromchúis na gcionta sin a leagan síos i leith daoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhfuil cionta den sórt sin déanta acu nó atá freagrach as cionta den sórt sin.

(7) Ba chóir rialacha dlínse a bhunú chun a áirithiú gur féidir an cion sceimhlitheoireachta a ionchúiseamh go héifeachtach.

(8) Tá íospartaigh na gcionta sceimhlitheoireachta soghonta agus is gá mar sin bearta sonracha maidir leo.

(9) Toisc nach féidir leis na Ballstáit ag gníomhú go haontaobhach dóibh cuspóirí an ghnímh atá beartaithe a ghnóthú go leordhóthanach agus gur féidir mar sin, toisc an gá atá le cómhálartú, na cuspóirí a ghnóthú níos fearr ag leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an Treoirchinneadh seo thar mar is gá d’fhonn na cuspóirí sin a ghnóthú.

⁴ IO C 26, 30.1.1999, lch. 22.

⁵ IO L 273, 25.10.1996, lch. 1.

⁶ IO L 191, 7.7.1998, lch. 4.

⁷ IO L 351, 29.12.1998, lch. 1.

⁸ IO C 373, 23.12.1999, lch. 1.

Sc.1

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

(10) Urramaíonn an Treoirchinneadh seo na cearta bunúsacha mar atá arna ráthú sa Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus faoi mar a fhabhraíonn siad sna traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit mar phrionsabail de dhlí an Chomhphobail. Urramaíonn an tAontas na prionsabail atá aitheanta in Airteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá le fáil freisin sa Chairt um Chearta Bunúsacha den Aontas Eorpach, go háirithe Caibidil VI de. Ní féidir aon ní sa Treoirchinneadh seo a fhorléiriú amhail is gurb é is aidhm dó cearta nó saoirsí bunúsacha a laghdú nó a shrianadh amhail an ceart chun dul ar stailc, an tsaoirse comhthionóil, comhlachais nó friotail, lena n-áirítear an ceart ag gach duine ceardchumainn a chur ar bun le daoine eile agus bheith ina bhall díobh chun a leasanna a chosaint, agus an ceart chun léirsiú atá gaolmhar leis.

(11) Gníomhartha arna ndéanamh ag fórsaí armtha le linn tréimhsí de choinbhleacht armtha, atá faoi rialú ag an dlí daonnachtúil idirnáisiúnta de réir bhrí na dtéarmaí sin faoin dlí sin, agus gníomhartha arna ndéanamh ag fórsaí armtha an Stáit agus a ndualgais oifigiúla á bhfeidhmiú acu, a mhéad atá siad faoi rialú ag rialacha eile den dlí idirnáisiúnta, níl siad faoi rialú ag an Treoirchinneadh seo,

TAR ÉIS AN TREOIRCHINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cionta sceimhlitheoireachta agus cearta agus prionsabail bunúsacha

1. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go ndéantar na gníomhartha intinneacha dá dtagraítear thíos i bpointí (a) go (i), mar atá siad sainithe mar chionta faoin dlí náisiúnta, a fhéadfaidh mar gheall ar a gcineál nó a gcomhthéacs, tír nó eagraíocht idirnáisiúnta a dhocrú go tromchúiseach má dhéantar iad d'fhonn:

- pobal a imeaglú go tromchúiseach, nó
- iallach a chur go míchuí ar rialtas nó eagraíocht idirnáisiúnta gníomh a dhéanamh nó staonadh ó ghníomh a dhéanamh, nó
- na struchtúir bhunúsacha sóisialta, eacnamaíocha, bunreachtúla nó polaitiúla i dtír nó in eagraíocht idirnáisiúnta a dhíchobhsú go tromchúiseach nó a mhilleadh,

a mheas mar chionta sceimhlitheoireachta:

- (a) ionsaithe ar bheatha an duine a fhéadfaidh a bheith ina dtrúig bháis;
- (b) ionsaithe ar iomláine coirp an duine;
- (c) fuadach nó giall a ghabháil;
- (d) cur faoi deara saoráid rialtais nó poiblí, córas iompair, saoráid bonneagair, lena n-áirítear saoráid faisnéise, ardán fosaitheach arna shuíomh ar an scairbh ilchríochach, ionad poiblí nó maoin phríobháideach a léirscrios ar dóigh dó beatha an duine a chur i gcontúirt nó mórchailteanas eacnamaíoch a dhéanamh;

[2005.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [Uimh. 2.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

Sc.1

- (e) aerárthaigh, longa nó córacha eile iompair daoine nó earraí a ghabháil;
- (f) airm, pléascáin nó airm núicléacha bitheolaíochá nó ceimiceacha a mhonarú, a shealbhú, a fháil, a iompar, a sholáthar nó a úsáid, agus taighde a dhéanamh ar airm bhitheolaíochá agus ceimiceacha agus iad a fhorbairt;
- (g) substaintí contúirteacha a scaoileadh nó bheith ina shiocair tinte, tuilte nó pléascán arb é is éifeacht dóibh beatha an duine a chur i gcontúirt;
- (h) cur isteach ar sholáthar uisce, cumhachta nó aon bhunacmhainne nádúrtha eile nó iad a réabadh arb é is éifeacht dóibh beatha an duine a chur i gcontúirt;
- (i) bheith ag bagairt aon cheann de na gníomhartha atá liostaithe in (a) go (h) a dhéanamh.

2. Ní bheidh d'éifeacht ag an Treoirchinneadh seo an oibleagáid a athrú cearta bunúsacha agus prionsabail dlí bunúsacha a urramú mar atá siad leagtha amach in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Airteagal 2

Cionta a bhaineann le grúpa sceimhlitheoireachta

1. Chun críocha an Treoirchinnidh seo, ciallaíonn “grúpa sceimhlitheoireachta” grúpa struchtúrtha ina bhfuil beirt nó níos mó, arna bhunú thar tréimhse ama agus a ghníomhaíonn ar dhóigh chomhbheartaithe chun cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh. Ciallaíonn “grúpa struchtúrtha” grúpa nach gcuirtear le chéile de thaisme chun cion a dhéanamh láithreach agus nach gá go bhfuil rólanna arna sainiú go foirmiúil aige dá chuid ball, leanúnachas ballraíochta ná struchtúr forbartha.

2. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil na gníomhartha intinneacha seo a leanas inphionóis:

- (a) grúpa sceimhlitheoireachta a stiúradh;
- (b) bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí grúpa sceimhlitheoireachta, go fiú trí fhaisnéis nó acmhainní ábhartha a sholáthar, nó trína ghníomhaíochtaí a mhaoiniú ar aon dóigh, agus a bheith ar an eolas go rannchuideoidh an rannpháirteachas sin le gníomhaíochtaí coiriúla an ghrúpa sceimhlitheoireachta.

Airteagal 3

Cionta atá nasctha le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta

Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir na gníomhartha seo a leanas a áireamh ar na cionta atá nasctha leis an sceimhlitheoireacht:

- (a) tromghoid d'fhonn ceann de na gníomhartha atá liostaithe in Airteagal 1(1) a dhéanamh;
- (b) sracaireacht d'fhonn ceann de na gníomhartha atá liostaithe in Airteagal 1(1) a dhéanamh;

Sc.1

[Uimh. 2.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta [2005.] Sceimhlitheoireachta), 2005.*

- (c) doiciméid riarthacha bréagacha a tharraingt suas d'fhonn ceann de na gníomhartha atá liostaithe in Airteagal 1(1)(a) go (h) agus Airteagal 2(2)(b) a dhéanamh.

Airteagal 4

Gríosú, cabhrú nó neartú, agus iarracht

1. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go ndéantar inphionóis an gníomh chun gríosú nó cabhrú nó neartú le cion a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1), Airteagal 2 nó 3.

2. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go ndéantar inphionóis an iarracht chun cion a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus Airteagal 3, amach ó shealbhú dá bhforáiltear in Airteagal 1(1)(f), agus an cion dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(i).

Airteagal 5

Pionóis

1. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go ndéantar inphionóis na cionta dá dtagraítear in Airteagal 1 go 4 le pionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach ar a bhfuil an t-eiseachadadh le háireamh.

2. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go ndéantar inphionóis na cionta sceimhlitheoireachta dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus na cionta dá dtagraítear in Airteagal 4, a mhéad a bhaineann siad le cionta sceimhlitheoireachta, le pianbhreitheanna faoi choimeád is troime ná na pianbhreitheanna is infhorchurtha faoin dlí náisiúnta i leith cionta den sórt sin nuair nach bhfuil an intinn speisialta ann atá riachtanach de bhun Airteagal 1(1), ach amháin nuair atá na pianbhreitheanna is infhorchurtha ar na huasphianbhreitheanna is féidir faoin dlí náisiúnta.

